




An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2010

Leis seo, cuirim isteach mo Thuarascáil Bhliantúil amhail an tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann do 2010 de bhun Alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Is í seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil arna cur isteach i ndáil le hobair an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann ó bunaíodh é an 1 Nollaig 2005.



Paulyn Marrinan Quinn, SC
An tOmbudsman d’Óglaigh na hÉireann

ARNA FHOILSIÚ AG:
AN TOMBUDSMAN D'ÓGLAIGH NA HÉIREANN
© 2010

Clár ábhar

I	Réamhrá	5
II	Buaicphointí 2010	11
III	Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc	13
IV	Saolré Gearáin	19
V	Tráchteaireacht ar Shaincheisteanna ag Eascairt as Cásanna in 2010	20
VI	Cás-staidéir	25
VII	Gnóthaí Corparáideacha	47
VIII	Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	53

I Réamhrá

Tá mé an-bhródúil an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair mar Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Ba bhliain dhúshlánach agus dheacair in amanna a bhí in 2010 don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

In ainneoin go raibh comóradh 200 bliain de bhunú Oifig an Ombudsman sa tSualainn in 2009 – dáta nach ndeachaigh tharainn gan aitheantas agus ceiliúradh – d'fhéadfaí é a mhaitheadh do dhaoine a chuireann an cheist céard a dhéanann Ombudsman go díreach agus cén fáth a bhfuil an oiread measa ar Oifig an Ombudsman i ngach áit?

Tá go leor bealaí chun na ceisteanna sin a fhreagairt ach, go bunúsach, is fíor le rá go gcuireann Ombudsman, agus a mhaoirseacht riaracháin á úsáid aige, achomharc neamhspleách ar fáil dóibh siúd nár éirigh leo sásamh a fháil leis na nósanna imeachta roimhe sin.

In imeacht ama, is acmhainn shaibhir a bhíonn i láithreach Ombudsman don roinn, institiúid nó eagraíocht laistigh dá dhlínse. Cuirtear in iúl dóibh an tairbhe is fearr a bhaint as láithreach Ombudsman. Trí iniúchadh a dhéanamh agus breithiúnas a thabhairt ar réimse cásanna, tá seasamh maith ag an Ombudsman chun tráchttaireacht a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar na teipeanna córasacha a d'fhéadfadh eascairt as droch-chleachtais a úsáid.

Is iad na tairbhí imeallacha a bhaineann le hOifig Ombudsman, nach dtugtar suntas dóibh go minic, go gcuireann an oifig le cuntasacht agus go gcuidíonn sí chun í a spreagadh trína cumhachtaí iniúchta agus maoirseachta a úsáid.

Gan dabht, agus gearáin aonair á mbreith ina gcreideann Gearánaigh go ndearnadh faillí orthu agus/nó gur caitheadh go mífhéaráilte leo mar thoradh ar dhrochriarachán, tá sé intuigthe agus réasúnta go mbeidís ag súil le leigheas a bheith ar fáil má sheastar leis an ngearán.

I gcás comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann, bíonn baint ag an réiteach go minic le hardú céime a fháil nó deis a fháil chun fónamh thar lear nó áit a bheith acu ar chúrsa gairme a diúltaíodh dóibh ar bhealach míchóir nó míchuí. Sna hamanna deacra seo, agus go háirithe ó mhoratóir 2009, ní raibh sé éasca i gcónaí na réitigh seo a chur ar fáil. Caithfidh mé aitheantas a thabhairt, dá bhrí sin, d'fhoigne agus do ghlacadh seasmhach roinnt réadúlachtaí atá léirithe ag baill agus iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann.

I gcásanna áirithe, tá an réadúlacht sin léirithe sa mhéid cásanna a cuireadh chugam le bliain anuas. Tá sé léirithe chomh maith sa fhreagra a fuarthas ó go leor ball a chuireann aiseolas ar fáil do m'Oifig agus deir siad go raibh áthas orthu a fháil amach gur seasadh lena n-achomharc ar a laghad agus go raibh bonn cirte lena gcás a throid.

Fíric eile a dtugtar neamhaird uirthi go minic is ea go bhfuil ceart dleathach ag bail d'Óglaigh na hÉireann tús a chur le gearán trí nósanna imeachta um Shásamh in Éagóracha agus, ó bunaíodh an ODF, tá ceart dleathach acu athbhreithniú a fháil ar an gcás ó Ombudsman atá neamhspleách ó na Fórsaí Cosanta agus ón Roinn Cosanta.

Tiomantas don fhís a bhí acu siúd a bhí i mbun feachtais agus a thug isteach an tAcht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 is ea go bhfuil baint lárnach ag m'Oifig i bhforbairt teoiric agus cleachtas Ombudsmanaíochta míleata le blianta beaga anuas, agus ba ghné thábhachtach dár gcuid oibre a bhí anseo in 2010.

Bhí sé mar phribhléid agam le blianta beaga anuas bheith ag oibriú le Comhdháil Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Ombudsman d'Fhórsaí Cosanta – an grúpáil d'Oifigí Ombudsman nó Cigireachtaí sna Fórsaí Cosanta, a thosaigh Coimisinéir Parlaiminte na Gearmáine ag an am sin, Reinhold Robbe in 2009 agus le ról lárnach bheith agam i gcur le chéile Lámhleabhar ar Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha do Phearsanra na bhFórsaí Cosanta (Handbook on Human Rights and Fundamental Freedoms of Armed Forces Personnel) arna tháirgeadh ag Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus Cearta an Duine an OSCE i gcomhar le hIonad na Ginéive um Rialú Daonlathach na bhFórsaí Cosanta (DCAF).

Tá an-ríméad orm a dheimhniú go bhfuil an Lámhleabhar aistrithe go roinnt teangacha agus is áis úsáideach atá ann nuair a bhí plé ar siúl maidir leis an ngá le cearta an duine i measc phearsanra na bhfórsaí cosanta a chosaint.

Tá mé sásta a thuairisc chomh maith gur fhreastail mé ar an Dara Comhdháil Idirnáisiúnta um Institiúidí Ombudsman na bhFórsaí Cosanta i rith na bliana ar óstáil an tUachtarán Anton Gaál, Cathaoirleach Feidhmeannach Choimisiún Parlaiminte na hOstaire do na Fórsaí Cosanta Feidearálacha í.

Agus tuairisciú á dhéanamh agam ar an dara bliain feidhme don Ombudsman in 2007, thug mé le fios go raibh faisnéis tugtha agam d'oifigigh Eorpacha agus Áiseacha ó réimsí na taidhleoireachta agus na hOmbudsmanaíochta maidir le mo ról agus sainchúram m'Oifige agus, ón am sin, tá suim fhairsing ag teacht ó thíortha thar lear sa taithí a bhí agam ag bunú na hOifige seo. Léiríodh an tsuim seo arís in 2010 sa líon tráchta a bhí ar www.odf.ie ar a thug daoine ó 106 tír difriúil cuairt, agus ardú 38% ó 2009.

Den obair bhreise a rinne mé i rith na bliana, ba onóir mhór a bhí ann dom cuireadh a fháil ón Dr Nilda Garré, iar-Aire Cosanta na hAirgintíne, cuir le foilseachán a raibh sé i gceist ag an Oifig Náisiúnta um Chearta Daonna agus Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta in Aireacht Chosanta na hAirgintíne a fhoilsiú anuraidh. Bhain an chuid ar tugadh cuireadh dom cuir leis le cearta daonna agus caidreamh sibhialta-míleata.

Tugadh cuireadh dom caibidl a chur isteach maidir le ról institiúidí Ombudsman san earnáil mhíleata agus ról na n-Oifigí sin i gcosaint chearta daonna phearsanra míleata. Tá staidéar déanta ag Rialtas na hAirgintíne ar mhúnlaí i ndlínsí eile, an Ghearmáin go háirithe.

D'fhreastail an tIar-Aire Cosanta, an Dr Garré ar an gCéad Chomhdháil Idirnáisiúnta d'Institiúidí Ombudsman do na Fórsaí Cosanta a reáchtáil Coimisinéir Parlaiminte do na Fórsaí Cosanta sa Ghearmáin ag an am, an tUasal Reinhold Robbe agus a chomh-óstach an tAmbasadóir Theodor H. Winkler, Stiúrthóir DCAF, a bhí ar siúl i mBeirlín i mBealtaine 2009. Ó shin, tá athrú tagtha ar riarachán na hAirgintíne agus cuireadh ar an eolas mé go bhfuiltear ag leanúint leis an obair ar an bhfoilseachán suimiúil, suntasach seo.

In 2010, tugadh cuireadh dom chuig Teach na Comhdhála, suíomh na Seirbhíse Comhairleoireachta, Comhréitigh agus Eadrána [Advisory, Conciliation and Arbitration Service (ACAS)] i Londain le labhairt ag Comhdháil faoi na tairbhí a bhaineann le headráin san ionad oibre agus díospóidí idirphearsanta. Bhí me an-sásta a fheiceáil gur Briogáidire in Arm na Breataine a bhí i nduine eile de na cainteoirí ar chlár na Comhdhála agus bhí suim agam foghlaim óna chur i láthair maidir le fórsaí cosanta na Breataine a bhí ag smaoineamh le déanaí ar eadráin a úsáid. Agus mo thuarascáil bhliantúil á seoladh agam in 2007, rinne mé tagairt don ghá le tuilleadh smaoineoireachta agus plé faoi na féidearthachtaí a bhain le “hidirghabháil luath” maidir le roinnt díospóidí agus gearán atá freagrach do réiteach luath.

Tá áthas orm a rá go bhfuarthas tacaíocht shuntasach in 2010 ón nGinearálóifigeach i gCeannas, Ceathrú Briogáid an Iarthair agus a Cheannasaithe i ndul i ngleic le cás trí eadráin. Bhí mé an-sásata go háirithe go raibh fonn ar na rannpháirtithe ar fad glacadh leis agus dul i mbun eadrána le hintinn mhaith. Réitíodh cás eile ina raibh imthosca maolaitheacha go sásúil tar éis fiosrúcháin dhíreacha ón Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Tá mé fíorbhuíoch as an gcur chuige neamhchlaonta a tógadh i ndáil leis an bpróiseas seo agus creidim gur ar mhaithe le gach duine a bheadh sé daoine a spreagadh le tuilleadh úsáide a bhaint as idirghabháil luath ar an mbealach seo. Tá tairbhe shuntasach eile a bhaineann le headráin le feiceáil i gcásanna ina gcuireann plé agus malartú eolais le tuiscint ón dá thaobh ar an gceist maidir le braistint gníomhartha nó focal agus an chaoi ar féidir leo méadú agus damáiste mór a dhéanamh do na daoine bainteacha agus do chaidrimh oibre na ndaoine atá páirteach go díreach agus an grúpa piara agus an timpeallacht oibre mura dtéitear i ngleic leo.

Ceann de bhunchlocha an Ombudsman a ghactar leis go forleathan is ea cuntasáíocht agus tá súil agam go dtabharfaidh an Tuarascáil Bhliantúil seo cuntas ar an obair a rinneadh in 2010 do na pobail ar a bhfreastalaíonn m'Oifig atá cruinn, inrochtana agus cuimsitheach. Tá cleachtas forbartha agam le cúig bliana anuas chun an t-eolas a chur i láthair i bhformáid agus leagan amach atá cosúil leis na blianta roimhe chun go mbeidh sé éasca tagairt agus comparáid a dhéanamh thar na blianta ar fad.

De réir Chairt do Chustaiméirí an ODF tá m'Oifig tiomanta do bhealach cóir, soláimhsithe agus inrochtana de bhreith ar chásanna chomh tapa agus is féidir a chur ar fáil. Go deimhin, braitheann an t-am a chaitear le haon chás ar thosca a éiríonn as castacht na saincheisteanna agus cúiseanna an ghearáin. Réiteach tapa agus éifeachtach atá mar chuspóir agam ón tús. De bharr srianta acmhainne, le cúig bliana anuas, bhí sé ina ábhar imní dom nach raibh mé in ann réiteach a chur ar fáil chomh tapa is atá tuillte ag baill Óglaigh na hÉireann.

Maidir le feidhmíocht m'Oifige, agus athbhreithniú comparáideach déanta i ndáil le cóimheas foireann an ODF agus an líon ball in Óglaigh na hÉireann agus comparáid a dhéanamh idir na sonraí sin agus dlínsí eile, táim fós den tuairim go bhfuilimid ag cur gach iarracht isteach inár gcuspóir agus go bhfuil an ODF ag soláthar luach ar airgead agus na leibhéil acmhainne á gcur san áireamh.

Ba chúis imní a bhí ann agus luaigh mé sa dá Thuarascáil Bhliantúil deireanacha é, go bhfuil an fad a thógann sé freagra a fháil ón Aire, tar éis dom mo Thuarascáil Deiridh agus moltaí a eisiúint chuig an Aire Cosanta, ag fáil níos faide. Thug mé an méid seo le fios i dTuarascáil Bhliantúil 2009 agus tá mé sásta a rá go ndearna an Roinn Cosanta gach iarracht freagraí a thabhairt ar na cásanna a ndearna mé breith orthu in 2009. D'ardaigh mé an cheist seo agus dúradh liom go bhfuil gach iarracht á dhéanamh chun na freagraí a chur ar fáil chomh luath agus is féidir.

I rith 2010, ceapadh an tUasal Tony Killeen, TD mar Aire Cosanta agus d'fháiltigh mé roimh an deis labhairt leis maidir le dul chun cinn Oifig an ODF. Bhí mé fíorshásta a fheiceáil go raibh suim aige i ról agus i gcuspóirí na hOifige seo. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun dea-mhéin a ghuí air don todhchaí.

Agus an tuarascáil seo á scríobh, ceapadh an tUasal Alan Shatter, TD ina Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta agus tá mé ag súil le dul i ngleic go dearfach leis an Aire Shatter sna míonna amach romhainn.

Caithfidh mé mo bhuíochas a lua sa Tuarascáil Bhliantúil seo chomh maith as tacaíocht agus rannpháirtíocht a thug an Ceann Foirne, an Leifteanant-Ghinearál Seán McCann d'obair m'Oifige i rith 2010. Ceapadh an Ginearál McCann mar Cheann Foirne i Meitheamh agus ba mhór agam cruinniú a bheith agam go luath ina dhiaidh sin chun an dea-chaidreamh leanúnach idir Óglaigh na hÉireann agus m'Oifig a phlé. Mar atá ráite agam le hÓglaigh na hÉireann gach uair a raibh deis agam, tá ODF anseo chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt d'Óglaigh na hÉireann.

Dúirt mé ag an tús go raibh an bhliain suimiúil agus deacair. Caithfidh mé a rá chomh maith go raibh brón mór ag baint leis an mbliain mar gur cailleadh Iar-Cheann Foirne Óglaigh na hÉireann, an Leifteanant-Ghinearál Dermot Earley. Bhí Lt. Gen. Earley go mór i bhfabhar athrú dearfach agus cruth nua-aimseartha a chur ar Óglaigh na hÉireann, agus bhí sé ar dhuine díobh siúd a bhí go mór i bhfabhar bunú Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann.

Faoina stiúir, fuair go leor de na hathchóirithe riaracháin agus praiticiúla a mhol mé aird phras uaidh nuair a bhí sé ina Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) agus ina Cheann Foirne. Tá bearna mhór fágtha de bharr a imeachta. Leag sé amach caighdeán agus cosán le leanúint. Tar éis an moladh agus buíochas a chur an oiread sin daoine in iúl, a riabh tionchar aige orthu ina shaol, ní féidir linn a thuiscint an bhuaire agus an cailleanas a mhothaíonn a bhean agus a chlann.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun comhbhrón ó chroí a chur in iúl dá theaghlach agus dá chomhghleacaithe in Óglaigh na hÉireann thar ceann Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Ba phribhléid ollmhór agus taithí iontach a bhí ann a bhealach le daoine agus a láidreacht i gceannaireacht a fheiceáil duine le duine.

Dúirt mé cheana gur ceann de na buntáistí a bhaineann le próiseas an Ombudsman is ea nach bhfuil sé teoranta ag srianta na bhfasach dlí, ach de réir mar a fhorbraíonn an Oifig, tá dlí-eolaíocht agus éiteas chomh dosheachanta agus atá sé inmhianaithe. D'ainneoin go bpléitear le gach cás a thagann chugam ar a fhiúntas féin, tá sé inmhianaithe leibhéal áirithe comhsheasmhachta a choimeád. I ndáil leis sin, tá mé sásta a dheimhniú gur chríochnaíomar pleananna in 2010, a bhí á réiteach le fada, chun acmhainn Thuairiscí um Achoimriú Cásanna a bhunú. Is córas dúnta um thuairiscíú ar chásanna atá anseo a dearadh chun cásanna a thaifeadadh agus is féidir ansin cuardach a dhéanamh de réir topaice agus ábhair. Measaim go mbreiseoidh sé seo go mór obair m'Oifige agus táim ag súil leis an gcóras a fhorbairt agus a bheachtú sa bhliain atá le teacht.


I rith 2010, tháinig deireadh le tréimhse ar iasacht an riarthóir cásanna, an tUasal Wesley Graham, agus guímid gach rath air ina phost nua. Bhí mé sásta fáilte a chur roimh a ionadaí, an tUasal Conor Gallogly. Ní fhéadfadh obair m'Oifige dul chun cinn gan tacaíocht na foirne tiomanta agus dílse agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh as an obair agus an am a infheistíonn siad. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith leo siúd a d'oibrigh le m'Oifig chun an foilseachán seo a chur ar fáil.

Cuirfidh an Tuarascáil Bhliantúil seo ar chumas daoine a dtuairimí féin a chumadh maidir le ranníocaíocht agus luach a léirígh Oifig an ODF in 2010 agus a feidhm reachtúil á comhlíonadh aici.

Leagam amach san Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc a leanas briseadh síos na gcásanna a fuarthas i rith na bliana, a léirítear chomh maith sa trasghearradh de chás-staidéir gan ainm a chuirtear ar fáil sa chuid ina dhiaidh sin den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Tá mé sásta a chur san áireamh i mo Thuarascáil Bhliantúil do 2010, Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le tagairt do Ráitis Airgeadais 2010. Caithfidh me buíochas a ghlacadh le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste as an obair a rinne siad cabhrú liom an spriodháta don fhoilseachán seo a bhaint amach, go háirithe, an tUasal John Crean agus a fhoireann san Oifig sin.

Ba mhaith liom a lua ag leibhéal pearsanta chomh huamhan is atá mé le roinnt blianta deacra anuas, as foighne agus tuiscint bhaill Óglaigh na hÉireann i gcúinsí inar ghlac an tAire tréimhse fada chun freagra a thabhairt ar mo Thuarascálacha agus/nó nach raibh sé sásta glacadh le mo mholtaí ar réiteach. Ó bronnadh an onóir orm an post seo a dhéanamh agus an Oifig seo a bhunú, is léir dom nach dtosaíonn baill Óglaigh na hÉireann nós imeachta um Shásamh in Éagóracha gan cúis mhaith. Nuair a dhéanann siad é, déanann siad é go príomha lena chinntiú go bhfeabhsaítear córais le dul chun tairbhe baill eile agus chun nach bhfulaingeoidh daoine eile de bharr drochriarachán nó teipeanna córasacha.



Paulyn Marrinan Quinn, SC
Ombudsman for the Defence Forces

II Buaicphointí 2010

- Cuireadh 116 cás faoi bhráid an Ombudsman, agus cuireadh tús le 105 iniúchadh.
- Eisíodh Tuarascálacha Deiridh maidir le 48 cás – an líon is mó Tuarascálacha Deiridh a eisíodh in aon bhliain.
- Tá gan bheith roghnaithe i gcomhair Ardú Céime fós ina shainceist a spreagann formhór na ngearán nó na n-achomharc chuig an Ombudsman.
- Tá athchóiriú agus athrú leanúnach le feiceáil i nósanna imeachta agus i gcleachtais Óglaigh na hÉireann mar thoradh ar mholtaí a bhí i dTuarascálacha Deiridh an Ombudsman.
- Úsáideadh próiseas eadrána ODF chun sainceist a réiteach i gCeathrú Briogáid an Iarthair.
- Cuireadh i bhfeidhm go rathúil córas na dTuiriscí um Achoimriú Cásanna a éascóidh monatóireacht agus crostagairt ar chásanna aonair, cúiseanna gearáin agus stair cásanna.
- Líon is mó cuairteoirí riamh chuig www.odf.ie
- Fuair cuairteoirí ó 106 tír éagsúil rochtain ar www.odf.ie
- Lean teagmháil ar aghaidh idir an tOmbudsman agus eagraíochtaí Ombudsman Eorpacha agus idirnáisiúnta a bhaineann le cosaint saoirsí bunúsacha agus cearta daonna phearsanra na bhfórsaí cosanta.
- Leagann an tOmbudsman ról agus sainchúram a hOifige amach do réimse luchtanna féachanna dúchais lena n-áirítear PDFORRA, Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána agus Fóram na Státseirbhíse.

Sular féidir leo gearán a chur chugamsa, caithfidh baill reatha Óglaigh na hÉireann nósanna imeachta RoW a úsáid. Tig le hiarbhaill Óglaigh na hÉireann teagmháil a dhéanamh liom go díreach i scríbhinn nó trí ghearán a sheoladh chugam ar líne trí www.odf.ie.



III Anailís ar Ghearáin agus Achomhairc

Fógra um ghearáin faoi Alt 114 den Acht Cosanta

Sular féidir le m'Oifig tús a chur le hiniúchadh, caithfidh comhaltaí ar seirbhís d'Óglaigh na hÉireann gearán a chur isteach trí nós imeachta um Shásamh in Éagóracha (RoW) Óglaigh na hÉireann.

Éilítear in Alt 13 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, go gcuirtear gach gearán in iúl don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann agus don Aire Cosanta.

Tugtar forbhreathnú tábhachtach sibhialtach sa mheicníocht seo ar an bpróiseas casaoide laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Déantar monatóireacht ghéar i m'Oifig ar Fhógraí Gearáin a fuarthas agus leanann sí suas go gníomhach leis na húdaráis mhíleata nuair atá an teorainn ama 28 lá do réiteach faoin bhforáil seo istigh.

In 2010, cuireadh in iúl dom go ndearna baill d'Óglaigh na hÉireann agus baill de na hÓglaigh Cúltaca 62 gearán trí nós imeachta RoW.

Den 62 cás seo:

Rinneadh achomharc ar 15 (24%) díobh chuig m'Oifig;

Réitíodh go hinmheánach laistigh d'Óglaigh na hÉireann, aistarraingíodh iad nó chlúdaigh sásamh níos luaithe 24 (39%) díobh;

Bhí 23 (37%) de ghearáin fós gníomhach sa phróiseas RoW amail an 31 Nollaig 2010.

Gearáin a tháinig díreach chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Tig le hiarbhaill d'Óglaigh na hÉireann gearáin a chur díreach chuig m'Oifig, faoi réir choinníollacha a leagtar síos in Alt 6(2) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Anuas air sin, cuirtear aon ghearán maidir le gníomh a thógann státseirbhíseach díreach ar aghaidh chuig m'Oifig.

In 2010, tháinig 8 ngearán díreach chuig m'Oifig.

An líon iomlán gearán agus achomharc a cuireadh chugam in 2010

Cuireadh 116 gearán nó achomharc chuig m'Oifig in 2010. Díobh seo:

Rinneadh achomharc ar 15 (13%) cás tar éis breithniú RoW;

Tháinig 8 ngearán (7%) díreach chuig m'Oifig;

Tugadh ar aghaidh 93 cás (80%) ó 2009.

An líon iomlán gearán nó achomharc a cuireadh chugam:

2006	2007	2008	2009	2010
55	110	229	124	116

Stádas gearán agus achomharc a cuireadh chugam

Tá ceithre phríomhchéim in iniúchadh agus scrúdú ODF a dhéantar ar chás a thagann chugam.

- i) Déantar Réamhscrúdú ar an gcás lena chinntiú go bhfuil sé laistigh de riachtanais an Achta. Féachaim ar an ngearán chomh maith chun cinneadh a dhéanamh an gearán cuí atá ann le go bpléifinn leis.
- ii) Iniúchadh mionsonraithe ar an gcás chun na fíricí a fháil amach agus na hargóintí ar son agus in aghaidh an ghearáin a chur san áireamh.
- iii) Eisítear Tuarascáil Réamhthuarime (PVR) a leagann amach na torthaí tosaigh. D'fhéadfaí soléirithe agus fianaise dhoiciméadach a iarradh san PVR más gá.
- iv) Agus aird tugtha do na freagraí ar an PVR, eisím mo Thuarascáil Deiridh, ag leagan amach na torthaí agus na moltaí a bhí agam, agus cuirtear ar aghaidh é chuig an Aire Cosanta, an Ceann Foirne, an Gearánach agus aon duine eile a mheasaim a mbeadh sé cuí iad a bheith ar an liosta.

Den 116 cás a cuireadh chugam in 2010:

- Eisíodh 26 Tuarascáil Réamhthuirime chuig na páirtithe cuí, is ionann sin 22% de na cásanna ar fad.
- Eisíodh 48 Tuarascáil Deiridh tar éis freagraí a fháil ó na Tuarascálacha Réamhthuirime, is ionann sin agus 41% de na cásanna ar fad.
- Amhail an 31 Nollaig 2010, bhí m'Oifig ag fanacht le freagraí ar Thuarascáil Réamhthuirime amháin a eisíodh in 2010.
- Amhail an 31 Nollaig 2010, bhí 57 cás fós faoi bhreith.
- Aistarraingíodh, dhún mé nó measadh go raibh 11 chás a bhí ag fanacht liom taobh amuigh de mo théarmaí tagartha.

Cúiseanna le gearáin agus achomhairc

Den 116 gearán agus achomharc a cuireadh faoi mo bhráid in 2010, glacadh le 105 chun iniúchadh a dhéanamh orthu, agus mar a luadh thuas, bhí 11 cás a aistarraingíodh, a dhún mé iad nó a mheas mé go raibh siad taobh amuigh de mo théarmaí tagartha (OToR). Mar a luadh in áit eile sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, ní thógtar cinneadh go bhfuil cás OToR go réidh agus go minic bíonn breith fada agus trom i gceist ar chúiseanna an ghearáin nó achomhairc agus na cúinsí a bhaineann leis.

Is iad seo a leanas na cúiseanna ar glacadh le 105 de na cásanna le hiniúchadh a dhéanamh orthu:

CÚISEANNA AN GHEARÁIN NÓ ACHOMHAIRC	2010	ATHRÚ Ó 2009
NEAMHROGHNÚ D'ARDÚ CÉIME	37 (35%)	GAN ATHRÚ
IOMPAR MÍOIRIÚNACH/BULAÍOCHT LÍOMHNAITHE	28 (26.6%)	-3%
PRÓISIS RIRACHÁIN A BHAINNEANN LE GAIRM	14 (13.3%)	+3%
NEAMHROGHNÚ DO CHÚRSA GAIRME	11 (10.4%)	-3%
MÍRIARACHÁN	9 (8.5%)	-1%
NEAMHROGHNÚ D'FHÓNAMH THAR LEAR	6 (5.7%)	+3%

Cosúil le 2009, ní raibh aon ghearán a bhain le gnéaschiapadh curtha faoi mo bhráid sa tréimhse a chlúdaíonn an tuarascáil seo.

Torthaí cásanna inar eisíodh Tuarascáil Deiridh

Mar a luadh thuas, eisíodh 48 Tuarascáil Deiridh in 2010. Díobh seo:

- seasadh le/seasadh le roinnt de na moltaí in 18 (38%) díobh;
- níor seasadh le 3 (6%) díobh;
- níor lean an tOmbudsman le hiniúchadh a dhéanamh ar 27 (56%) díobh.

Ilghearáin nó ilachomhairc a fuarthas in 2010

Den 105 cás ar glacadh leo in 2010, tháinig 27 díobh ó Ghearánaí amháin.

Agus na staisisticí thíos á leagan amach i ndáil leis an stádas seirbhíse, inscne agus limistéar seirbhíse na nGearánaithe, oibrímid ar bhonn an 79 duine aonair a chuir gearáin isteach, seachas an 106 cás aonair a ndearnadh iniúchadh orthu.

Gearáin ó bhaill Bhuana, Chúltaca agus Iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann

Den 79 Gearánaí aonair in 2010:

- bhí 71 (90%) díobh ina mbaill reatha den Bhuanfhórsa Cosanta;
- bhí 3 (4%) díobh ina mbaill reatha de na hÓglaigh Cúltaca;
- bhí 5 (6%) díobh ina n-iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann;

Inscne na nGearánaithe

Den 79 Gearánaí aonair in 2010:

- baill fireanna agus iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann a bhí i 74 (94%) díobh.
- baill bhaineanna agus iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann a bhí i 5 (6%) díobh.

GEARÁIN NÓ ACHOMHAIRC Ó BHAILL BHAINÉANNA NÓ Ó IARBHAILL D'ÓGLAIGH NA hÉIREANN

2006	2007	2008	2009	2010
8%	11%	8%	6%	6%

Briseadh síos ar ghearáin nó achomhairc de réir limistéar seirbhíse

Den 79 Gearánaí aonair in 2010:

- bhí 55 (70%) díobh ó bhaill nó ó iarbhaill den Arm;
- bhí 13 (16%) díobh ó bhaill nó ó iarbhaill den Aerchór;
- bhí 11 (14%) díobh ó bhaill nó ó iarbhaill den tSeirbhís Chabhlaigh;


Gearáin nó achomhairc de réir limistéar seirbhíse 2006–2010

LIMISTÉAR SEIRBHÍSE	2006	2007	2008	2009	2010
AN TARM	100%	75%	83%	78%	70%
AN TAERCHÓR	0%	18%	14%	13%	16%
AN TSEIRBHÍS CHABHLAIGH	0%	7%	4%	9%	14%

Gearáin nó achomhairc taobh amuigh de Théarmaí Tagartha (OToR)


Anuas ar an 105 cás a ndearna m'óifig iniúchadh orthu in 2010, fuarthas 11 chás eile a aistarraingíodh, a dhún mé nó a measadh a bhí taobh amuigh de mo théarmaí tagartha. Measadh go raibh an 11 chás seo neamh-inghlactha ar na cúiseanna seo a leanas:

- aistharraing na Gearánaithe 5 chás;
- dhún an tOmbudsman cás amháin de bharr easpa freagra/gnímh ón nGearánaí;
- measadh go raibh 5 chás taobh amuigh de théarmaí tagartha an ODF le linn an Réamhiniúchta;
 - bhain cás amháinle saincheisteanna ar chóir a thabhairt trí nós imeachta um Shásamh in Éagóracha Óglaigh na hÉireann ar dtús;
 - fuarthas cás amháinó dhuine nach raibh ina bhall ar seirbhís tráth an ghnímh líomhnaithe;
 - bhain trí chásle gníomhartha líomhnaithe a tharla roimh theacht i bhfeidhm an Achta.



Nuair a fhaighim gearán, is í an chéad chéim réamhscrúdú a dhéanamh ar na fíricí. Ceann de na chéad chinntí atá le déanamh agam is ea an bhfuil an gearán faoi mo dhlínse.

IV Saolré Gearáin



* Tig le hiarbhall gearán a dhéanamh maidir le gníomhartha líomhnaithe a tharla agus é nó í ina b(h)all ar seirbhís. Caithfidh go raibh an duine freagrach as an ngníomh agus an gearánaí ina mbaill ar seirbhís ag am an ghnímh líomhnaithe nuair a tharla an beart líomhnaithe.

v Tráchteaireacht ar Chásanna

Athruithe Riaracháin agus Próisis tar éis Moltaí agus Monatóireacht a dhéanamh ar a bhForfheidhmiú

Trí iniúchadh a dhéanamh ar chásanna aonair, d'fhéadfainn nósanna imeachta agus cleachtais in Óglaigh na hÉireann a shainaithint atá as dáta, á riaradh ar dhrochbhealach nó a dteastaíonn athchóiriú uathu.

Sa Tuarascáil Deiridh, cuirtear na saincheistanna seo faoi bhráid an Aire Cosanta, an Ceann Foirne, an duine a rinne an gearán agus pearsanra ábhartha eile in Óglaigh na hÉireann.

Tá athchóiriú dearfach éirithe as an bpróiseas in Óglaigh na hÉireann ó bunaíodh m'Oifig.

Mar a dúirt mé i dTuarascáil Bhliantúil 2006 rinneadh athchóiriú ar nósanna imeachta a bhaineann leis an bpróiseas agallaimh do chúrsaí gairme NCO agus d'fhónamh thar lear, ar bhonn eatramhach i mí Iúil 2006, tar éis moltaí a bhí i mo Thuarascálacha Deiridh.

De bharr an athchóirithe seo, tá laghdú suntasach ar an líon gearán nó achomharc a thagann chuig m'Oifig ar na cúinsí seo. In 2010 bhain 17% de na cásanna ar fad a tháinig chuig m'Oifig le neamhroghnú do chúrsaí gairme agus fónamh thar lear, cé gur bhain 46% de na cásanna a tháinig chuig m'Oifig in 2006 le cásanna den chineál céanna.

In 2007, tar éis moltaí i roinnt de mo Thuarascálacha Deiridh, rinneadh athbhreithniú ar nósanna imeachta agallaimh d'ardú céime trí nósanna imeachta comhréitigh agus eadrána Óglaigh na hÉireann. Bhain 37% de na cásanna ar fad a tháinig chuig m'Oifig in 2010 le gearáin i dtaobh neamhroghnú d'ardú céime, ag deimhniú na treochta ó na blianta roimhe sin gur réimse suntasach gearáin atá anseo. Is léir go bhfuil gá le feabhas i nósanna imeachta agus d'fháilteoinn roimh chríochnú tapa an athbhreithnithe agus tabhairt isteach córas feabhsaithe agus níos trédhearcaí.

Le linn 2010, thug an tAire Cosanta, mar fhreagra ar mo Thuarascálacha Deiridh, ar foilsíodh go leor díobh in 2009, roinnt tiomantas maidir le nósanna imeachta athchóirithe thar raon leathan réimsí. I measc an 12 thiomantas ar leith um athchóiriú riaracháin agus próisis bhí:

- Go gcinnteódh an Ceann Foirne go n-eiseofaí foirmeacha AF 43A d'iarrthóirí a luaithe agus is féidir tar éis chinneadh an bhoird agallaimh.
- Tá gach GOC/Ceannasaí Eagair chun treoir a fháil maidir le soláthar tuarascálacha an Oifigigh um Iniúchadh Mhíleata chuig gach Gearánaí.
- Tá Óglaigh na hÉireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta reatha maidir le fógairt na gcritéar roghnaithe roimh chomórtais, ar mhaithe le haon débhríocht a sheachaint.

Leanann m’Oifig na tiomantais airí seo agus in 2010 scríobh mé chuig an Aire Cosanta ag lorg nuashonrú ar stádas fhorfheidhmiú na dtiomantas éagsúla. Is gné thábhachtach í seo de mhaoirseacht shibhialtach ar na húdaráis mhíleata agus leanfaidh mé ar aghaidh á leanúint in 2011. Tá sé ríthábhachtach ní hamháin go mbíonn aon Ombudsman éifeachtach, ach go bhfeictear go mbíonn siad éifeachtach. Is beart tábhachtach chun muinín i ról agus feidhm an ODF a chothabháil atá i monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú athruithe riaracháin agus próisis a éiríonn as mo Thuarascálacha Deiridh agus a nglacann an tAire Cosanta leo agus breithnaim chun cinn ar bheith ag obair ar an tsaincheist seo in 2011 leis an Roinn Cosanta agus na húdaráis mhíleata.

Iniúchadh ar Fhreagraí ar mo Mholtaí a bhí i mo Bhreithnithe agus i mo Thuarascálacha Deiridh chuig an Aire Cosanta.

Sna cúig bliana agus mé i m’Ombudsman, d’eisigh mé Tuarascálacha Deiridh i ndáil le 158 cás, ina raibh torthaí agus moltaí. D’fhéadfadh roinnt moltaí tagairt do bhearta ar leith chun réiteach a chur ar fáil i gcás aonair, agus éiríonn moltaí eile as lochtanna córasacha i nósanna imeachta, i bpróisis nó ceisteanna riaracháin laistigh d’Óglaigh na hÉireann a dteastaíonn athbhreithniú agus athchóiriú uathu.

I mo Thuarascáil Bhliantúil do 2008, rinne mé gealltanais le tús a chur le tionscadal a dhéanfaidh athbhreithniú ar na moltaí i mo Thuarascálacha Deiridh agus a leanfaidh na freagraí ar na moltaí seo ón Aire Cosanta agus ó na húdaráis mhíleata d’fhonn measúnú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus éifeachtúlacht na moltaí seo.

Cuireadh tús leis an obair seo in 2009 agus dá bharr bhí cuid a bhain le hAthbhreithniú Ceithre Bliana i mo Thuarascáil Bhliantúil do 2009.

Ba é an t-athbhreithniú an gníomh is fiúntaí mar ní hamháin gur bhailigh sé i bhformáid inrochtana, tionchar m’Oifige ar réimse próiseas agus nósanna imeachta riaracháin in Óglaigh na hÉireann, ach léirigh sé cásanna freisin ina rabhthas fós ag feithimh ar fhreagra substaintiúil ón Aire Cosanta.

Táthar ag leanúint leis an tionscnamh agus á fhorbairt i rith 2010 agus tá ár gcóras breisithe Thuairiscí um Achoimriú Cásanna, a dearadh le moltaí i dTuarascálacha Deiridh agus i bhfreagraí aire a leanúint, anois ina chuid lárnach de chóras um láimhsiú gearáin m’Oifige.

Mar a tugadh le fiis i dTuarascáil Bhliantúil 2009, bhí m’Oifig fós ag feitheamh ar fhreagra airí i ndáil le 16 den 31 Tuarascáil Deiridh a d’eisigh mé an bhliain sin. In 2010, fuair mé freagraí ar na Tuarascálacha Deiridh ar fad nach raibh freagartha roimhe sin.

Ach, tá feabhas ag teastáil go fóill sa toilteanas lena dtagann freagraí airí chugam.

Den 48 Tuarascáil Deiridh a d'eisigh mé in 2010, bhíothas fós ag feitheamh ar fhreagra airí ar 19 díobh amhail an 31 Nollaig 2010. Fuair mé freagra ón Aire maidir le 29 cás, a raibh cinneadh tógtha agam i leith 27 díobh chun deireadh a chur le hiniúchtaí.

Tá súil agam go dtarlóidh feabhas suntasach in 2011 ar an am a thógann sé freagraí airí a sheachadadh i leith mo Thuarascálacha Deiridh, go háirithe nuair a bhíonn impleachtaí tábhachtacha ag torthaí nó moltaí na dTuarascálacha Deiridh seo ar ghearánaithe aonair agus/nó a bhaineann le hathchóiriú níos doimhne i nósanna imeachta agus cleachtais riaracháin.

Rochtain ar thaifid phearsanta

Luaigh mé i gCás-staidéar i mo Thuarascáil Bhliantúil in 2007 (Cás-staidéar 2 – Thuarascáil Bhliantúil 2007) gur mhol an GOC tar éis mo Thuarascáil Réamhthuarime sa chás sin a eisiúint, go dtabharfaí deis do gach iarrthóir i gComórtais Ardú Céime amach anseo féachaint ar a dtaifid agus iad a dheimhniú. Caithfidh mé a rá gur fadhb atá anseo go fóill i gcásanna a dtugaim breith orthu nuair is faoi neamhroghnú Gearánaí nó gan ardú céime bheith faighte acu atá an gearán. Is léir dom go bhfuil córas deimhnithe le moladh d'fhonn earráidí agus easnaimh a shainaithint roimh chinneadh an Bhoird Agallaimh. Dúirt an Ceann Foirne liom gur mhol sé an modh oibre seo a fhorfheidhmiú. De bhrí go meastar go bhfuil fadhb ag baint le Thuarascálacha Boird Agallaimh a mhionathrú, réiteach praiticiúil a bheadh ann aguisín a chur ar an leathanach tosaigh de Thuarascálacha Boird Agallaimh nuair a shainaithnítear earráidí den chineál seo.

Braistintí claontachta agus míchothroime i gComórtais Ardú Céime

Ó na cásanna a ndearna mé breith orthu le bliain anuas, níl dabht ar bith ach go mbraitear go bhfuil fadhb fós le próiseas roghnaithe míchuí in Óglaigh na hÉireann. Tá sé píosa fada anois ó mhol an Grúpa Stiúrtha Comhionannais ina Thuarascáil in 2004 go gcuirfí córas marcála le chéile do Chomórtais Ardú Céime. Léirigh mé suntasacht na ceiste seo in go leor cásanna a ndearna mé athbhreithniú orthu le cúig bliana anuas agus is cúis bróin dom nach bhfuil córas marcála nó maitrise comhaontaithe go fóill do Chomórtais Ardú Céime. Caithfidh mé, dá bhrí sin, na moltaí a rinne mé cheana a athrá maidir le córas marcála agus moltaí gur chóir iarracht a dhéanamh an obair atá á déanamh ar mhodúl ardú céime na nDréachtrialachán a bhrostú.

Tuarascálacha na mBord Agallaimh Ardú Céime

Ní féidir liom dóthain béime a chur ar an ngá atá leis an gcaoi ar shásaigh iarrthóirí i gComórtas na critéir agus na cáilíochtaí riachtanacha a lua i gceart i dTuarascálacha na mBord Agallaimh Ardú Céime. Tá sé dosheachanta i gcúinsí ina bhfuil taithí agus cáilíochtaí comparáideacha nó eile ag iarrthóirí go gcreidfidh siad go bhfuil dóthain nó níos mó taithí acu fiú nó go bhfuil siad níos oiriúnaí don ardú céime ná na hiarrthóirí eile. Tá sé ríthábhachtach dá bhrí sin, go dtugann Boird Agallaimh Ardú Céime míniú soiléir ar a measúnuithe agus a luachálacha ar iarrthóirí i leith critéir sainmhínithe agus, más gá, cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar tháinig siad ar chonclúidí a luachálacha maidir le cáilíochtaí agus taithí na n-iarrthóirí.

Aighneachtaí tar éis an Tuarascáil Deiridh a Eisiúint

Le bliain anuas, rinne roinnt Gearánaithe iarracht tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh tar éis dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint. Ní féidir na haighneachtaí seo a chur san áireamh. Ní athosclóinn cás ach amháin i gcás go mbeadh fianaise nua ar fáil, nach raibh ar fáil i dtús an scéil. Déantar gach iarracht deis a thabhairt do Ghearánaithe fianaise a chur i láthair a thacaíonn lena gcásanna fad is atá an cás faoi athbheithniú.

Dlínse

Ar cheann de na chéad cinntí atá le déanamh ag an Ombudsman tá cinneadh an bhfuil nó nach bhfuil an cás incháilithe. Go minic, bíonn an cinneadh seo níos deacra ná cinneadh maidir le tuillteanais chúis an ghearáin féin.

Ní thógann m'Oifig cinneadh go réidh go bhfuil cás 'Taobh Amuigh de Théarmaí Tagartha'. Déantar scrúdú fairsing ar an gceist agus cuirtear iarracht mhór isteach chun míniú a thabhairt don Ghearánaí ina dhiaidh sin maidir leis na cúiseanna nach féidir le m'Oifig bheith páirteach sa chás nó cúnamh a thabhairt.

In 2010, measadh go raibh 11 chás 'OToR'.

*Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, eisím
Tuarascáil Réamhthuaisirime (PVR) a leagann
amach na torthaí atá agam go dtí sin agus a
iarann tuilleadh faisnéise, ag tabhairt ceithre
seachtaine do fhreagraí.*



VI Réamhrá

Áirítear sa mhír seo achoimrí ar thrasghearradh de chásanna a ndearna mé breithniú orthu in 2010.

Fuarthas cead na cásanna roghnaithe seo a úsáid ó na daoine a chur a gcuid cásanna faoi mo bhráid. Táim fíor-bhuíoch as a gcúnamh. Chomh fada agus ab fhéidir, rinneadh sonraí sonracha lena mbaineann na cásanna a scríosadh d'fhonn neamhainmníocht na nGearánach a choimeád.

Tá súil agam go gcuirfidh na tuarascálacha achoimrithe seo de na cásanna léargas ar fáil ar réimse na gcásanna ar a ndearna mé breithniú in 2010.

Cás-Staidéar 1: Seasadh leis an nGearán

Is éard a bhí i gceist leis an nGearán seo, go bunúsach, idirdhealú líomhnaithe i leith Oifigigh Scoil Cheoil na bhFórsaí Cosanta (DFSM) de bhua deiseanna teoranta um ardú céime, ar ar cuireadh bac breise ag atheagrú na bhFórsaí Cosanta i 1998, tráth a baineadh céim an Choirnéil ón DFSM. Luaigh an Gearánach gur cuireadh bac ar a céim agus nach mbeadh sí in ann céim níos airde ná Captaen a bhaint amach mar thoradh air seo, in ainneoin 20 bliain de sheirbhís shármhaith a thabhairt.

Tharla go ndearna mé breithniú ar an gcás tar éis gur eisigh an Ceann Foirne a Rialú Meabhraithe. Thug iarratas an Ghearánaigh, a cuireadh faoi mo bhráid i Meán Fómhair 2009, le fios gur tugadh chun solais a cás den chéad uair i mBealtaine 2006 tráth a thionóil Bord, agus a rinneadh moltaí i ndáil le deiseanna oifigigh an DFSM. Tugadh faoin dara tionscnamh le réiteach a fháil ar an gceist faoin Scéim Mhíleata (C&A) in 2007 ach níor eisíodh aisefhreagairt air seo go dtí Márta 2009.

Go luath sa réamhiniúchadh, bhí orm na ceisteanna a roinnt ina “ngearán” – an easpa iomardaithe deiseanna um ardú céime, agus ina “ngearán um nós imeachta” – an chaoi ar déileáladh leis an gceist ag leibhéil éagsúla ó thaobh an riaracháin de laistigh de na Fórsaí Cosanta.

Ar aon dul leis na cinntí a rinne mé roimhe seo, thug mé faoi deara gur cé go raibh tionchar leanúnach ag atheagrú na bhFórsaí Cosanta (i.e. bac a chur ar dheiseanna um ardú céime), tharla an t-atheagrú seo i 1998 agus dá bhrí sin, bhí sé faoi mo dhlínse ar a bhfuil teorainn ama bliain amháin ó thráth gnímh nó feasachta air, de réir alt 6(3) den Ombudsman (Defence Forces) Act, 2004.

I ndáil leis an nGearán Substainteach, tháinig ceist chasta chun solais maidir le cé acu an raibh nó nach raibh dlínse agam. Eisiatar ábhair ó mo réim faoi Alt 5(1)(d)(i) den Acht lena mbaineann téarmaí nó coinníollacha fostaíochta laistigh de na Fórsaí Cosanta atá

laistigh de scóip na Scéime C&A. Ar a shon sin, bhí sé ina chonclúid ag tuarascáil an Oifigigh Fiosraithe Mhíleata (MIO) laistigh den phróiseas um Shásamh Éagóracha (RoW) nár cloíodh le nósanna foirmiúla imeachta C&A sa chás seo de bharr nárbh bhaill iad na hOifigigh DFSM de cheann de na heagraíochtaí ionadaíocha. Ba é dearcadh an MIO gur chinneadh ultra vires a bhí i gceist le cinneadh an Phríomhoifigigh (PO) i ndáil leis an ábhar seo. Thug iniúchadh ar an gcáipéis innealra C&A le fios cé gur féidir le ball gan ionadaíocht de na Fórsaí Cosanta uiríll a dhéanamh chuig Comhairle Idir-Réitigh na Scéime C&A, ní raibh fáil ar a leithéid lena úsáid ag an gcuid Eadrána den scéim do bhaill gan ionadaíocht. D'iarr mé ar shoiléiriú, dá bharr, maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh ball gan ionadaíocht de na Fórsaí Cosanta laistigh den Scéim C&A. Ar mhodh freagartha air seo, thug an PO Míleata C&A le fios nach raibh a chinneadh faoin Scéim C&A (a thiocfadh trí na heagraíochtaí ionadaíocha) ach ar mhodh an tslabhra ceannais sna Fórsaí Cosanta, bhí ceisteanna den tsamhail seo laistigh de shainchúram an Bhrainse C&A, amhail a luaitear i bPlean Gnó an Bhrainse le haghaidh 2010 ina leagtar amach freagracht an Bhrainse le haghaidh ardú céime Oifigeach. Ar an mbonn seo, rinne an PO tréanaighneas i leith ar mhaígh an MIO gur chinneadh ultra vires a bhí ann agus i leith mo réamhthuairime gurbh fhéidir an cinneadh a dhéanamh gan an t-údarás cuí.

Ar aon dul le cásanna roimhe seo a ndearna mé breithniú orthu, ba í mo réamhthuairim gur cuireadh críoch le haon díonadh dlísiúil ábhar ar nós deiseanna um ardú céime atá faoi scóip na Scéime C&A ag an bpointe a raibh tionchar pearsanta ag a riaradh ar an nGearánach. Dá bhrí sin, cibé acu an ndearnadh uiríll nó nach ndearnadh chuig an nGearánach maidir le coimisiúnú nó ina dhiaidh, b'iad a bhí ina thoradh ar an gcoinne dhlísteanaigh a bhí aici go mbainfeadh sí céim ní b'airde ná Captaen amach. Thug mé a shamhail de chás faoi deara sa réamhábhar ar a ndearna mé an breithniú gur diúltaíodh do bhall ar a raibh “drochiompar” i gcéim ar leith a chomhlíon dualgais na céime chuig an gcéim sin ina dhiaidh (feic Achoimre ar Chás 4 – Tuarascáil Bhliantúil an ODF 2008). Chinn mé, sa chás sin, gurbh é an bealach a cuireadh cosc leis na deiseanna um ardú céime seachas an t-athstruchturú féin a bhí ina thoradh ar éagothroime ar ar gá dom breithniú a thabhairt. Ar an gcuma chéanna sa chás seo, d'iarr mé ar aighneachtaí maidir le cibé acu ar tarraingíodh nó nár tarraingíodh go míchuí léiriúcháin go dtiocfadh deiseanna um ardú céime chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs na ráiteas i dtuarascáil an MIO (ní raibh sé intuigthe ar luadh seo leis an nGearánach) a thug le fios go raibh sí feasach ar dheiseanna teoranta um ardú céime i dtús aimsire.

Sa fhreagra a thug sí don PVR, rinne an Gearánach an t-aighneas go raibh sé ina ‘eolas coiteann’ go raibh deiseanna teoranta um ardú céime ann tráth réamh-athstruchtúraithe agus iar-athstruchtúraithe. Thug an Ceann Foirne chun solais go ndéanann Rialacháin seachas coinne dhlísteanaigh na cúinsí ina n-eascraíonn deiseanna um ardú céime a shainiú, agus táthar seo sonraithe go cruinn in Ionstraim Riaracháin A15. Sa mhullach air

sin, thug sé chun airde cé gur cuireadh bac ar an nGearánach maidir leis na deiseanna um ardú céime a bhí ar fáil di i ndáil le réimse an DFSM, de bharr a cáilíochtaí agus a taithí cuí a chuirfeadh toirmeasc ar dhaoine eile a cheapadh sa réimse sin.

Gné bhreise den cheist shubstainteach a d'fhéadfadh maoirseacht riaracháin a chur i ngníomh a bhí i nglacadh an MIO le neamhbhailíocht chomparáid an Ghearánaigh le hionchais um ardú céime Oifigeach Coimisiúnaithe ó na Céimeanna (ranganna CFR a bhí imfhallaithe ag comhairliúchán le comhlachtaí ionadaíocha). Luaigh an PO go raibh seo “ar mhaithe leis na Fórsaí Cosanta”, seasamh lenar ghlac an MIO, ach bhí saghas an oibrí diamhair i gcónaí agus d'iarr mé ar shoiléiriú ag an bpointe seo. Mar fhreagairt air seo, thug an PO dom sleachta ón Gleeson Report ina ndiúltaítear go sainráite an moladh leis an tréimhse sheasta um ardú céime d'Oifigigh nach bhfuil cuimsithe faoi scéim den saghas sin a shíneadh.

Agus breithniú á dhéanamh agam ar an nGearán agus ar na haisfhreagairtí le mo PVR, thug mé faoi deara gur bhain an t-ábhar substainteach le hábhair laistigh d'eagraíocht na bhFórsaí Cosanta agus ní raibh an dlínse agam, dá bharr, sa ghné sin den Ghearán.

I ndáil leis an gceist um nós imeachta, tharla sé, le linn an réamhiniúchta, thionóil Bord ina raibh triúr tráth dá éis athstruchtúru na bhFórsaí Cosanta d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna um ardú céime le haghaidh Oifigigh Theicniúla (lena n-áirítear an Gearánach) laistigh den DFSM. Rinne an Bord seo tréimhse sheasta um ardú céime go dtí Ceannfort i ndiaidh naoi mbliana a chaitheamh i gcéim an Chaptaen. Rinneadh a shamhail de mholtaí i dtuarascáil bhreise a d'eascair ón Oifig C&A (Míleata) i Meán Fómhair 2007. Eisíodh aisefhreagairt air seo i Márta 2009 agus níor ceadaíodh arduithe céime tréimhse seasta inti.

D'iarr mé ar shoiléiriú maidir le bonn rialála na moltaí seo agus cibé acu an ndeachthas nó nach ndeachthas i ngníomh ar a mbonn. Níor tugadh aon aisefhreagairt dom maidir leis an gceist seo atá ina hábhar mór buartha. Thug mé chun solais i mo PVR, leis, an mhoill i ndáil le dul i ngleic le gearán an Ghearánaigh agus níor shásúil é gur teipeadh orthu í a choimeád ar an eolas faoi dhul chun cinn na ceiste. Theip ar aisefhreagairtí na bhFórsaí Cosanta dul i ngleic leis na buarthaí seo. Níl sé sásúil go ndéantar neamhaird do cheisteanna a thugaim chun solais i mo PVR.

Thug mé chun suntais gur mhol dhá chomhlacht tuairiscithe ardú céime tréimhse seasta d'oifigigh i bpost an Ghearánaigh. Cé gur ghlac mé le haighneachtaí na bhFórsaí Cosanta a mhol go mbeadh an Gearánach feasach ar a deiseanna um ardú céime, bhí sé ina fhírinne i gcónaí gur thionóil an D COS (Sp) Bord le breithniú a dhéanamh ar an ábhar céanna seo. Ní bheadh sé míréasúnta go mbeadh an Gearánach ag súil leis, ag an tráth sin, go bhféadfadh toradh dearfach eascairt as. B'fhacthas dom nár baineadh an

sprioc-chaighdeán riaracháin amach toisc nár míníodh don Ghearánach an próiseas a bhí i gceist leis an mbreithniú seo, ná dáta agus toradh mholtaí an Bhoird. B'fhacthas dom, ar an ábhar sin, go raibh sé de theideal ag an nGearánach bheith ar an eolas faoi na cúiseanna as ar eascair toradh na moltaí sin.

Tráth dheireadh na bliana, ceithre mhí tar éis dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint sa chás seo, ní bhfuair mé aisfhreagairt ón Aire Cosanta.

Cás-Staidéar 2: Seasadh leis an nGearán

Ba é an tOifigeach Leighis Bhriogáide an Gearánach (BMO) sa chás seo a thionóil Bord Leighis go cuí agus go dleathach ar ar cuireadh cosc leanúint ar aghaidh trí iarraidh go n-ordófaí an ball den Bhord agus an tÁbhar, gan freastal ar an am agus ag an ionad a mhol an Gearánach. Dúradh go raibh an chúis a tugadh leis an ordú gan leanúint ar aghaidh leis an mBord ina thoradh ar phlé a thosaigh an PDFORRA faoi impleachtaí úsáid an tomhsaire BMI agus faoi rangú leighis amhail a léirítear in alt 32 de Threoracha an DMC le haghaidh Oifigigh Leighis, Uimhir 4, dá ngairmtear amhail na “Treoracha Nua”. Bhí na buarthaí a léirigh PDFORRA an tráth seo i gcoimhlint le Thuarascáil chomhaontaithe Uimhir 79 C&A, a chinntigh nach ndéanfaí aon athruithe ar Rialacháin na bhFórsaí Cosanta a dhéanfaidh an status quo a mhionathrú i ndáil le tréimhsí breise seirbhíse le haghaidh ball a bhí i mbun seirbhíse agus le daonchumhacht a laghdú. Tháinig an cheist faoi bhráid Idir-Réitigh agus Eadrána. Luaigh PDFORRA gurbh éard a bhí san ábhar sampla de bhall lena ndéileálfaí go dona faoi na “Treoracha Nua”.

Cheap mé nár bhain an bealach a déileáladh leis an ábhar seo ón túsphointe, an sprioc-chaighdeán um chleachtas riaracháin amach, ach chomh beag. Thug mé chun suntais i mo Thuarascáil Réamhthuirime go raibh mórmhoilleanna i gceist i ndáil le “fionraí” an Bhoird Leighis ar feitheamh thoradh an phróisis Idir-Réitigh agus Eadrána. I ndiaidh gur sáraíodh cinneadh an Ghearánaigh an Bord Leighis a thionól, bhí tréimhse ann ina raibh treoanna agus moltaí a bhí ag teacht salach ar a chéile ó na húdaráis mhíleata. Ba léir dom go raibh moill mhíreásúnta i gceist chomh maith le droch-chumarsáid i ndáil le hábhar lenar bhain an oiread sin tábhachta.

Bhí cásanna buartha ann faoin mball ainmnithe a bhí ina ábhar ag an mBord Leighis. Thionóil an Gearánach an Bord arna iarraidh sin d'Oifigeach Leighis an bhaill. Bhí sé de thuairim aige nach mbeadh sé sábháilte go dtabharfadh an ball ainmnithe faoi na híosdualgais reisiminte. Bhí sé de thuairim aige gur chruthaigh an cinneadh an ball a fhágáil rangaithe mícheart i dtaobh leighis de sa chás gur léiríodh buairt faoina shláinte baol. Níor luadh ag tráth ar bith go mbeadh urscaoileadh uathoibríoch i ndán don bhall a bhí le dul os comhair an Bhoird Leighis mar thoradh ar athrangú leighis.

Ba dhealraitheach dom gur léiríodh claontacht i leith an Ghearánaigh agus go raibh drochthionchar air mar thoradh ar an mbealach a bhí an Bord Leighis, a thionóil sé go cuí, ina ábhar um chur isteach. Baineadh an bonn d’údarás an Ghearánaigh maidir lena chumas mar BMO. I dtéarmaí níos leithne, tháinig prionsabal neamhspleáchais an Bhoird Leighis chun solais i bhfeidhmiú a ndualgais leighis.

Thug an Ceann Foirne le fios dom ina chuid aisfhreagairtí ar mo Thuarascáil Réamhthuirime go ndearnadh comhaontú maidir le réiteach ina raibh mionleasuithe a dhéanamh ar ailt chonspóideacha Threoracha an DMC, i ndiaidh don ábhar bheith tugtha chun solais ag Idir-Réiteach agus Eadráin agus i ndiaidh dó bheith os comhair Moltóra. Léirigh mé mo mhuinín ansin go ndéanfaí na leasuithe lena comhaontaíodh a fhógairt go cuí agus go leanfadh aon Bhoird Leighis ar a raibh tionchar ag an díospóid seo a bhfeidhm gan faitíos a bheith acu go gcuirfear isteach orthu.

Léirigh mé i mo Thuarascáil Deiridh an bhuaire atá agam go ndearnadh aighneacht, ag céim dhéanach den phróiseas um Shásamh Éagóracha (RoW) go mbeadh easumhláíocht ina toradh ar ghníomh an Ghearánaigh tús a chur lena RoW. Cuireadh an Gearánach ar an eolas faoi mhíshástacht an Cheann Foirne an próiseas RoW a úsáid leis na hábhair seo a thabhairt chun solais. Bhí drochthionchar ar an nGearánach ag an meabhrú go mbeadh easumhláíocht mar thoradh ar dhéanamh an ghearáin dó agus agus freisin ag an gcaoi gur caitheadh leis amhail agus gur sháraigh déanamh an ghearáin seo an próiseas RoW. Mhol mé go ndéanfaí an meabhrú seo a aistarraingt.

Bhí sé ina ábhar breis buartha dom an bealach a riaradh Sásamh Éagóracha an Ghearánaigh. Thug mé faoi deara go ndearnadh sárú suntasach ar nósanna imeachta agus níor tugadh aon Réamhfhógairt Gearáin dom laistigh den fhráma ama a leagadh amach sa reachtaíocht.

Dúirt Oifig an Cheann Foirne liom go raibh moill ann de bharr iarrachtaí a bhí á ndéanamh chun an cheist a réiteach ag an leibhéal is ísle ab fhéidir. Thug mé faoi deara gur cúis aiféala a bhí sa sárú nósanna imeachta seo agus léirigh mé go bhfuil cosaint thábhachtach le fáil sa riachtanas fógartha chun nach rachaidh gearáin ar iarraidh agus go riarfar i gceart iad. Ghlac mé leis an míniú a tugadh agus tá mé ar an eolas maidir le cinneadh an Cheann Foirne gníomhú lena chinntiú go gcloítear leis amach anseo.

Bhí sé ina ábhar breis buartha dom an bealach a riaradh Sásamh Éagóracha an Ghearánaigh nár cuireadh ar an eolas mé faoin dul chun cinn i ndáil le tagairt an “éilimh” ar Bhreithiúnas faoin Scéim Idir-Réitigh agus Eadrána ar bhealach tráthúil. B’eol dom, tar éis dom an comhad a fháil sa chás, go raibh cruinniú ar siúl leis na ceisteanna gan réiteach a chur chun cinn agus gur baineadh réiteach comhaontaithe amach. Agus aird ar ábharthacht na faisnéise seo i ndáil le bunchúis an ghearáin,

tháinig ceist chun solais faoi cén t-ábhar nár cuireadh ar an eolas mé maidir le toradh an phróisis Bhreithiúnais. Bhí cúis agam nóta a dhéanamh de mo bhuairet ina leith seo i mo Thuarascáil Deiridh leis an Aire.

Sheas mé le gearán an Ghearánaigh amhail bheith dea-bhunaithe agus réasúnta faoi na cúinsí. Ba dhealraitheach dom go raibh drochthionchar ar an nGearánach ag an ngníomh stop a chur leis an mBord Leighis, a thionóil sé go cuí ag saothrú a dhualgaís agus a oibleagáide mar Oifigeach Leighis Bhriogáide Mhol mé gur cheart aird chuí a thaibhairt ar an suaitheadh a d'fhulaing an Gearánach agus gur cheart bealach éigin a aimsiú chun an drochthionchar a mhaolú.

Ag deireadh na bliana, sé mhí i ndiaidh dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint, níor fuair mé aisfhreagairt ón Aire Cosanta do mo Bhreithiúnas.

Cás-Staidéar 3: Seasadh leis an nGearán (Luathréiteach)

Chuir an Gearánach isteach ar áit ar Chúrsa NCO Shinsearaigh ach níor éirigh leis. Thóg sé leis iarratas ar Shásamh Éagóracha i leith an phróisis roghnaithe. Leag sé béim ar líon lochtanna um nós imeachta sa próiseas.

Cuireadh an Gearánach sa tríú háit in ord fiúntais na n-ainmniúchán óna aonad in ainneoin nár chríochnaigh duine de na hiarrthóirí, a ainmníodh chun tosaigh air, Cúrsa um Bainistíocht Córas Pearsanra (PMS), faoi mar a bhí ag teastáil san fhógra don Chúrsa NCO Shinsearaigh. Le linn iniúchadh a dhéanamh ar an tsraith imeachtaí, b'eol dom gur seoladh ríomhphost an lá i ndiaidh an spriocdháta fhógraithe don phróiseas roghnaithe seo inar beartaíodh an riachtanas seo a bhaint. Bhí sé i gceist ag an ríomhphost seo earráid a cheartú san fhógraíocht bhunúil, de réir na bhFórsaí Cosanta, ach theip air. Sa mhullach air sin, b'ann do mhórmhearbhall maidir leis an spriocdháta don chomórtas seo. Luaigh an Gearánach gur glacadh le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta fhógraithe.

Cuireadh an próiseas iomlán roghnaithe ar ceal dá éis seo agus fógraíodh cúrsa nua PMS agus rinneadh an cúrsa seo a líonadh laistigh de 35 nóiméad. Rinneadh triúr ball d'aonad an Ghearánaigh a ainmniú don Chúrsa nua PMS a bhí ina n-iarrthóirí le haghaidh an Chúrsa NCO Shinsearaigh, ach iad a bheith neamh-incháilithe de bharr riachtanas an Chúrsa PMS. Is éard a bhí ina thoradh air seo ná go raibh na hiarrthóirí seo incháilithe tráth a ath-chomhdhéanadh an próiseas roghnaithe don Chúrsa NCO Shinsearaigh.

I ndáil le cáilíocht an Ghearánaigh, mhaígh a Oifigeach i gCeannas nach bhféadfaí a chuid cáilíochtaí a chur san áireamh ach faoin teideal “oiriúnacht ghinearálta” agus gur ghnóthaigh an Gearánach an t-uaslíon marcanna faoin teideal sin.

Bhí sé le rá ag na Fórsaí Cosanta gurbh é an t-aon bhealach le réiteach a fháil ar an locht sa phróiseas an próiseas roghnaithe a chur ar cheal agus a ath-chomhdhéanamh. I ndáil le cáilíocht an Ghearánaigh, mhaígh a Oifigeach i gCeannas nach bhféadfaí a chuid cáilíochtaí a chur san áireamh ach faoin teideal “oiriúnacht ghinearálta” agus gur ghnóthaigh an Gearánach an t-uaslíon marcanna faoin teideal sin.

B’eol dom, i mo Thuarascáil Réamhthuirime, go raibh ar mhaígh an Gearánach gan locht agus tromchúiseach, agus thug sé chun solais bainistíocht agus riarachán ceart an phróisis roghnaithe. Ar a laghad, b’ann do mhéid míshásúil mearbhaill maidir hiompar an phróisis roghnaithe.

Mar bhonn fírice, ba dhealraitheach dom tríd an gcúrsa a chur ar ceal agus a athsceidealú, léiríodh claontacht i leith an Ghearánaigh agus cruthaíodh míbhuntáiste don Ghearánach faoi chúinsí ina ndearna sé dianiarracht na critéir a shásamh d’fhonn a ghairm a chur chun cinn.

Mhol mé, ar an ábhar sin, gur cheart breithniú a dhéanamh ar bhealach éigin leis an drochthionchar a raibh an Gearánach thíos leis a mhaolú.

Fuair mé aisfhreagairt dhearfach ón gCeann Foirne i dtaobh mo Thuarascála Réamhthuirime. Ghlac sé lenar thug mé faoi deara – gur chruthaigh na hearráidí le linn an phróisis tosaigh roghnaithe don Chúrsa NCO míbhuntáiste don Ghearánach. Bheartaigh sé bealach leis an drochthionchar a bhí ar an nGearánach a mhaolú trí áit bhreise a chur ar fáil dó ar an gcéad Chúrsa eile NCO Shinsearaigh nuair a fhillfidh sé ó dhualgas thar lear.

Bhí an Gearánach sásta glacadh leis an réiteach seo. Is deas liom a chur in iúl go bhfuarthas réiteach sásúil ar an gcás ag an tráth luath seo. Ba rídheas liom an aisfhreagairt dhearfach ar mo réamhthorthaí.

Cás-Staidéar 4: Seasadh leis an nGearán

Ardú céime – Ní ndearnadh an t-iarratas ar ardú céime a phróiseáil i gceart – Níor cuireadh fios ar an nGearánach le haghaidh agallaimh – Caillteanas deise ag a bhfuil dianiarmhairtí i leith ghairm an Ghearánaigh sna Fórsaí Cosanta – Cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh leatrom ar an nGearánach laistigh de bhrí an phróisis um Shásamh Éagóracha – Moill ar fheithreamh le Rialáil Bhreithnithe an Chinn Foirne – Dian-fhrithrá ar chlúdach chomhad na bhFórsaí Cosanta.

Cúis bhuartha dom le linn m’athbhreithnithe ar an gcás a bhí i gcúinsí an cháis seo agus sna hiarmhairtí a bhí i gceist don Ghearánach.

Chuir an Gearánach isteach ar fholúntas ina Aonad agus rinne a Oifigeach i gCeannas (CO) é a mholadh don phost agus iarratas an Ghearánaigh á chur ar aghaidh aige don Údarás Comórtha. Ní dhearnadh próiseáil cheart ar iarratas an Ghearánaigh le haghaidh ardú céime agus ar mholadh a CO agus ní raibh an locht air féin ina leith seo. Mar thoradh air seo, níor cuireadh san áireamh an Gearánach don phost atá faoi chaibidil agus tugadh an post do dhuine eile cé nár tugadh agallamh don Ghearánach.

Thóg an Gearánach iarratas um Shásamh Éagóracha (RoW) leis inar mhaígh sé nárbh chóir líonadh an phoist sin atá faoi chaibidil faoi chúinsí nár tugadh agallamh don Ghearánach don fholúntas agus go raibh sé i gcodarsnacht le ceartas aiceanta. Ní raibh sé ar chumas an Oifigh Fiosraithe Mhíleata (MIO) a dhéanamh amach go cinntitheach céard a tharla d'iarratas an Ghearánaigh agus dá litir mholta óna CO: luaigh sé nár thángthas ar an gcáipéisíocht faoi chaibidil agus nár éirigh leis teacht ar aon duine ar a raibh an milleán as ucht an cháipéisíocht a leagadh in áit chontráilte nó í a chailleadh. Bhí sé ina chonclúid deiridh ag an MIO nach ndearnadh “leatrom” air, laistigh de bhrí Alt 114 den Acht Fórsaí Cosanta (Forála Sealadacha), 1954. D'aontaigh an tOifigeach Ginearálta i gCeannas ar an mBriogáid (GOC) le conclúid an MIO agus ba dhealraitheach dó nach ndearnadh “leatrom” air, laistigh de bhrí d'Acht 1954. Ní raibh an Gearánach sásta le toradh an GOC agus d'iarr sé go gcuirfí an RoW ar aghaidh chuig an gCeann Foirne (CoS). Cé gur ghlac sé leis gur chruthaigh “an earráid riaracháin seo míbhuntáiste don Ghearánach, sa mhéid agus gur baineadh an deis de dul san iomaíocht le haghaidh an fholúntais seo”, rialáil an CoS, ar deireadh, nach ndearnadh aon “leatrom” ar an nGearánach a dteastódh sásamh ina leith laistigh de bhrí Acht 1954.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an gcás, ba í an chéad ghné a chur isteach orm go raibh feitheamh sách fada ar an nGearánach sular eisíodh an Rialáil Mheabhraithe ó Oifig an CoS: d'iarr an Gearánach go gcuirfí an t-ábhar ar aghaidh chuig an CoS an 7 Lúnasa 2008 ach níor eisíodh an Rialáil Mheabhraithe go dtí an 13 Feabhra 2009. In ainneoin iarrataí leantacha le haghaidh míniú don mhoill seo, níor cuireadh aon cheann ar fáil dom.

Seachas ceist sin na moille sa riarachán, bhí mé buartha faoi chodarsnacht dhealraitheach ar chlúdach chomhad na bhFórsaí Cosanta. Rinneadh an gearán a fhiosrú den chéad uair ag Sairsint Ghnósheomra an Aonaid. Ar chríoch don fhiosrú sin, dheimhnigh CO an Aonaid i litir dár dháta an 26 Meitheamh 2008 gur cuireadh iarratas molta an Ghearánaigh ar aghaidh mar ba cheart le haghaidh an fholúntais chuig an Údarás Comórtha. An ní lenar bhain tábhacht de litir CO an Aonaid, amhail a thug mé le fios i mo Thuarascáil Réamhthuirime, gur cuireadh sé cháipéis le ceangal leis an litir sin i dtosach, lena n-áirítear iarratas bunúil an Ghearánaigh le haghaidh an fholúntais agus litir CO an Aonaid inar moladh an Gearánach don phost. I bhfriotal eile, bhí an dealramh air gurbh ann do na cáipéisí thuasluaite an 26 Meitheamh 2008 agus bhí sé ina chonclúid ag an MIO ina thuarascáil an 9 Iúil 2008 nár thángthas ar na cáipéisí faoi chaibidil riamh.

Thug an chodarsnacht dhealraitheach seo diancheisteanna chun solais, agus níorbh í an cheist maidir le cibé acu ar imigh nó nár imigh an cháipéisíocht faoi chaibidil “as radharc” idir an 26 Meitheamh 2008 agus an 9 Iúil an cheist ba lú. D’iarr mé go sainráite go gcuirfidh na Fórsaí Cosanta breis faisnéise agus soiléirithe ar fáil mar aon le míniú i ndáil le conas a d’eascair an chodarsnacht. Bhí díomá orm a fháil amach, in ainneoin a thabhairt chun béime i mo Thuarascáil Réamhthuirime a thromchúisí a bhí an chodarsnacht dhealraitheach seo chomh maith leis an ngá le míniú, gur theip ar na Fórsaí Cosanta dul i ngleic le mo chuid fiosrúchán. I mo Thuarascáil Deiridh, thug mé faoi deara nár thug an teip seo ar na Fórsaí Cosanta dul i ngleic leis an ngné rithabhachtach den fhiosrú lámh chúnta dom agus go raibh sé thar a bheith míshásúil.

Éagsúil go maith ón dá cheist ar a dtugtar breac-chuntas thuas, bhí mé faoin tuairim go raibh an gearán seo tromchúiseach. Creideann an Gearánach go mbeidh drochthionchar ag caillteanas a iarratais ar an bhfolúntas ar a thodhchaí laistigh de na Fórsaí Cosanta. D’admhaigh na Fórsaí Cosanta roinnt babhtáí go raibh na hiarmhairtí ar ghairm an Ghearánaigh tromchúiseach. D’aithin an MIO gur sár-NCO a bhí sa Ghearánach agus gur léirigh a chuntas seirbhíse go beacht go raibh dóthain cruthúnais aige go n-éireodh leis an post a fháil in ionad an iarrthóra a roghnaíodh, dá gcuireadh faoi agallamh é. Bhí an MIO faoin tuairim, de bharr na ndeiseanna teoranta le haghaidh ardú céime laistigh de Chór an Ghearánaigh, go bhféadfadh go “ndearnadh dochar do ghairm an Ghearánaigh de bharr theip an chórais” léirigh sé an tuairim gurbh éard a bhí in ábhar an ghearáin “mórdhul ar gcúl i ngairm a bheadh rathúil murach a mhalairt”.

I bhfriotal eile, ba léir dom gur léirigh na cúinsí lenar bhain an teip ar an nGearánach a áireamh sa Chomórtas bagairt shubstainteach do dhul chun cinn agus d’fhorbairt ghairme an Ghearánaigh agus (de bharr stádas a chonartha) a thodhchaí laistigh de na Fórsaí Cosanta. Dá réir sin, tá deacrachtaí agam go fóill le tuiscint conas a bhí sé ina chonclúid nach ndearnadh “leatrom” ar an nGearánach laistigh de bhrí Acht 1954. Bhí mé sásta gur gá caillteanas cáipéisíocht iarratais an Ghearánaigh a idirdhealú amhail bheith mar thoradh ar mhíchúram agus ar fhaillí ar thaobh na bpróiseas riaracháin. Ba í an deacracht a bhí ag an nGearánach maidir le sásamh a fháil nach fios dó féiniúlacht shonrach aon bha(i)ll atá freagrach agus is ionann an scéal go fóill. Faoi chúinsí den saghas sin, thuigfí go mbeadh sé cóir go bhféadfadh ball de na Fórsaí Cosanta in ann gearán a dhéanamh lena Cheannasaí Complachta go ndearnadh leatrom air ag gníomhanna ball anaithnid de na Fórsaí Cosanta. Bhí mé agus tá mé go fóill faoin tuairim go bhfuil an friotal agus an mheanma a áirítear in Alt 114(2) freagrach don chiallú sin.

Ar an iomlán, agus na drochiarmhairtí a raibh an Gearánach thíos leo san áireamh agus gan an locht air féin, bhí mé thar a bheith buartha gur cuireadh tríd an bpróiseas RoW an Gearánach agus go raibh sé faoi réir moill dhosheachanta. Bhí sé chomh díomách

céanna, dar liom, nach ndearnadh aon iarracht an díobháil a rinneadh don Ghearánach a mhaolú agus leis na deacrachtaí a cruthaíodh dó ag céimeanna éagsúla an phróisis RoW a réiteach.

Agus aird ar uile chúinse an cháis agus ar mo chuid tuairimí agus torthaí, mhol mé go rachfar i ngleic le bealach éigin chun an driochthionchar a mhaolú agus go gcuirfear réiteach cuí agus comhréireach ar fáil don Ghearánach. B'fhacthas dom gur cheart go dtabharfaí don Ghearánach deis le haghaidh ardú céime agus aird chuí ar an méid ama a cuireadh amú ó thráth an ghnímh a bhí ina bhonn lena ghearán agus nár bhain spriocchaighdeáin riaracháin amach.

Rinne mé na moltaí seo leis an Aire Cosanta. Ag deireadh na bliana, trí mhí i ndiaidh dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint sa chás seo, ní bhfuair mé freagra ón Aire.

Cás-Staidéar 5: Seasadh leis an nGearán

Seirbhís thar lear – Earráid i neamhroghnú an Ghearánaigh – Ghlac na Fórsaí Cosanta leis an earráid – Leorgacht sásaimh – Ní raibh an Gearánach in ann teacht ar an sásamh a beartaíodh de bharr cúinse pearsanta – Moill ar fhiosrú an RoW – Ceadaíodh Teastas Práinne.

Chuir an Gearánach, sa chás seo, isteach ar phost thar lear ag céim an tSáirsint ach ní raibh an rath air. Ghlac na Fórsaí Cosanta ag an uile leibhéal a airde leis an gCeann Foirne (CoS) leis gur earráid a bhí i neamhroghnú an Ghearánaigh agus go ndearnadh leatrom air. Bhí mo chuid buarthaí faoin iarracht shubstainteach a rinneadh le gearán an Ghearánaigh a shárú ag na céimeanna ba luaithe mar nóta agam.

Mhol an tOifigeach Fiosraithe Mhíleata (MIO), a cheap an tOifigeach Ginearálta i gCeannas (GOC) go dtabharfar an deis don Ghearánach le seirbheáil thar lear sa cheapachán céanna, nó i gceann coibhéiseach. Tairiscíodh ceapachán don Ghearánach ach ag tráth nár oir dá chúinsí teaghlaigh. Mhaígh sé gurbh éard a bhí sa tairiscint a bheartaigh an GOC ceann den dá rothlú den phost thuasluaite thar lear agus gur cuireadh san áireamh maolú an tsásaimh bheartaithe ach i dtairiscint amháin. Thug sé an cheist chun solais, leis, i ndáil leis an moill a bhí ar phróiseáil a Shásaimh Éagóracha (RoW) agus an chlaontacht a rinneadh ina leith mar thoradh air seo. I ndeireadh na dála, bhí an Gearánach faoin tuairim gur fheidhmigh an t-iarrthóir de chéim níos airde le linn a phoist agus mhaígh sé gur baineadh an deis de ar an ábhar sin, a chuirfeadh dul chun cinn a ghairme ar bhealach a leasa.

Bhraith an chás seo, ar an ábhar sin, ar cibé acu ar leor nó nár leor an sásamh a tairiscíodh don Ghearánach. Rinne an Gearánach an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig

an CoS i ndiaidh dó na tairiscintí sásaimh a rinneadh ní ba luaithe. Mhol an CoS go dtairisceofar don Ghearánach misean oiriúnach thar lear agus go gcuirfear ar fáil liosta dó den uile phost a bheartófar le haghaidh Sáirsint le haghaidh 2009. Ní raibh an Gearánach, faoin tráth seo, incháilithe le haghaidh ceapacháin ag céim an tSáirsint agus dhiúltaigh sé an tairiscint ón CoS ar an mbonn nárbh é sin an post ar chuir sé isteach air.

Bhí sé mar rialáil agam i mo Thuarascáil Deiridh go raibh sé mar choinne dhlisteanach ag an nGearánach go dtabharfar deis dó seirbheáil thar lear sa phost céanna a bhí ar tairiscint le linn an phróisis roghnaithe. B'fhacthas dom gur léirigh rialáil mheabhraithe an CoS réiteach comhréireach agus oiriúnach ar ghearán an Ghearánaigh agus aird ar an uile chúinse. Ina theannta sin, rialáil mé go bhfuil sé de theideal ag an nGearánach aitheantas a bhaint amach ar na deacrachtaí a cruthaíodh dó mar thoradh ar na hearráidí sa phróiseas roghnaithe agus go raibh sé i dteideal leithscéal a fháil don mhoill ar phróiseáil a RoW agus don teip ar a ghearán a réiteach ag céim níos luaithe.

Ag deireadh na bliana, cúig mhí i ndiaidh dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint sa chás seo, ní bhfuair mé freagra ón Aire.

Cás-Staidéar 6: Seasadh leis an nGearán

Próiseas an agallaimh – Scríos Nótaí an Agallaimh – Cleachtas Neamh-inmhianaithe Riaracháin.

Thug an cás seo chun solais líon ábhar a bhí ina n-ábhar buartha dom.

Mhaígh an Gearánach go raibh an bealach inar tugadh faoi agallaimh le folúntas an tSáirsint Complachta a líonadh agus an próiseas déanta cinntí a d'eascair as lochtach agus míchóir. Thug mé le fios arís agus arís eile nach bhfuil an fheidhm sin agam feidhm Bhord Agallamh a ghlacadh agus ní dhéanfaidh mé cinneadh ach amháin sa chás gurb ann d'fhianaise gur theip ar an mBord Agallamh gníomhú go cóir agus go cuí. I dteannta an mhéid sin, thug mé le fios maidir le conas a dhéanamh amach an raibh próiseas cóir nó a mhalairt, ní mór bheith in ann teacht ar dhóthain faisnéise lena léiriú go hoibiachtúil go raibh ag an mBord Agallamh an uile ábhar ábhartha agus beacht maidir le hiarrthóirí, go ndearnadh breithniú cuí ar an ábhar seo agus go raibh an bord tiomanta le haon faitíos faoi chlaontacht nó faoi aon rud míchóir a dhíbirt.

Ghlac mé le dlínse sa chás seo, d'ainneoin nár fuair mé an gearán laistigh den 12 mhí a shonraítear in alt 3 den 114 den Ombudsman (Defence Forces) Act 2004 ar an mbonn gur de bharr gur riarachán an ghearáin ag na Fórsaí Cosanta a bhí i gceist le cuid mhór den tréimhse 16 mhí idir dáta an ghnímh líomhnaithe agus an fhógairt chuig m'Oifig.

Sa chás seo, luaigh Oifigeach i gCeannas an Ghearánaigh go raibh liosta ann de na híoscháilíochtaí oideachais a theastaigh san Ordú Comórtha le haghaidh an fholúntais ach nár sonraíodh aon “cháilíochtaí inmhianaithe”. Mhaígh sé go raibh ag an nGearánach na híoscháilíochtaí oideachais. Mhaígh sé freisin gur luaigh an bord agallamh go raibh cuntas acadúil níos fearr ag an iarrthóir ar a raibh an rath a bhain Céim Mháistreachta amach i gCórais Faisnéise. Luaigh sé freisin go raibh an chuma air gur beag aird a thug an Bord Agallamh ar an tseirbhís a chur an Gearánach ar fáil thar lear – ní dhearna siad aon chomparáid idir an Gearánach agus an t-iarrthóir ina leith sin. Léirigh sé an tuairim, leis, go raibh an córas rátála ar baineadh leas as san agallamh ró-shuibhiachtúil agus nach raibh sé trédhearcach a dhóthain. Luaigh sé, leis, nár tugadh an fógra do Cheanncheathrú Scuadrún an Ghearánaigh faoi thoradh an chomórtais ná aon eolas d'iarrthóirí go raibh moill dhá mhí ann maidir le Tuarascáil an Bhoird Agallamh a chur i gcrích.

Bhí sé ina chonclúid ag an Oifigeach Fiosraithe Mhíleata (MIO) nach ndearnadh leatrom ar an nGearánach. Luaigh sé nárbh gné chinniúnach a bhí in oideachas sa phróiseas roghnaithe agus nár bhain an Bord Agallamh leas as córas pointí agus gur chuir siad measúnú cáilitheach chun feidhme a bhain leas as na critéir: fad na seirbheála, sinsearach, cúrsaí a críochnaíodh, taithí, moladh CO, iompar agus seirbheáil thar lear. Luaigh sé freisin gur cuireadh Tuarascáil an Bhoird le chéile laistigh den tréimhse dhá mhí a shonraítear agus nár cuireadh an Gearánach ar an eolas de bharr nár tugadh fógra do Cheanncheathrú a Scuadrúin. Luaigh sé gur baineadh leas comhaimseartha as na nótaí a ghlac sé fad a bhí an Tuarascáil á cur le chéile agus gur scríosadh iad go luath ina dhiaidh sin. Rialáil an Ceann Foirne, ina Rialáil Mheabhraithe, nach ndearnadh leatrom ar an nGearánach.

D'eisigh mé Tuarascáil Réamh-Athbhreithnithe (PVR) an 25 Eanáir 2010. Léirigh mé dianbhuaire gur luaigh an MIO gur scríosadh nótaí an agallaimh faoi chúinsí ina ndearna mé breithniú ar líon cásanna ag gabháil siar chuig 2005 ina raibh nótaí agallaimh ina gceist rithábachtach agus, mar thoradh ar mo thorthaí, mhol an tAire Cosanta go gcoimeádfar nótaí agallaimh le haghaidh tréimhse chúig bliana. D'iarr mé ar mhíniú iomlán ar an bhfáth gur scríos an Bord Agallamh nótaí an agallaimh de bharr gur chuid rithábachtach den phróiseas agallaimh a bhí iontu. D'iarr mé freisin ar thuairimí faoi cheist an Bhoird Agallaimh agus aird a thabhairt ar Chúrsaí Neamh-Mhíleata ina measúnú ar iarrthóirí. D'iarr mé freisin ar mhíniú ar an bhfáth nár cuireadh an Gearánach ar an eolas agus nár insíodh dó faoi thoradh an chomórtais.

Thug an Gearánach aisfhreagairt ar mo PVR an 23 Márta 2010. Luaigh sé nár tugadh riamh dó an deis a 43A a athbhreithniú agus a nuashonrú roimh an bpróiseas um ardú céime/roghnaithe. Thug na Fórsaí Cosanta aisfhreagairt ar mo PVR an 6 Aibreán 2010.

Níor dhéileáil na Fórsaí Cosanta le m'iarratas ar mhíniú ar an bhfáth gur scrios an Bord Agallamh nótaí an agallaimh. Níor thug na Fórsaí Cosanta aisfhreagairt ar m'iarratas ar mhíniú ar an bhfáth nár chuir an Bord Agallaimh san áireamh Cúrsaí Neamh-Mhíleata ina luacháil ná níor thug siad míniú ar an bhfáth nár cuireadh an Gearánach ar an eolas agus nár insíodh dó go hoifigiúil faoi thoradh an chomórtais. Táim sásta gurb ionann na teipeanna seo agus díspeagadh don phróiseas.

Bhí mé sásta gur mar thoradh ar scrios nótaí an agallaimh nárbh ann d'aon bhealach le measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar a thábhachtaí a bhí ar sheirbheáil an Gearánach thar lear don Bhord Agallamh. Bhí mé sásta, leis, gur chruthaigh scrios nótaí an agallaimh cúis bhuartha faoi chothroime an phróiseas. Bhí mé sásta freisin go raibh an ceart ag OC an Ghearánaigh maidir lena anailís nuair a mhaígh sé go raibh an córas rátála ró-shuibhiachtúil agus nach raibh sé trédhearcach a dhóthain. Bhí mé sásta freisin nár tugadh an deis don Ghearánach le hathbhreithniú agus le nuashonrú a dhéanamh ar a gcuntas 43A agus gur shárú na rialachán a bhí sa teip ar é a chur ar an eolas agus ar insint dó go hoifigiúil. D'iarr mé ar thuairimí faoin mbeartas agus faoin gcleachtas lena mbaineann Oifigigh a bheith mar bhall de bhoird agallamh ar thug siad faoi mheasúnuithe i ndáil le cuid de na hiarrthóirí.

Mhol mé go dtabharfar don Ghearánach an t-aitheantas cuí as ucht bheith thíos leis na teipeanna seo chomh maith le haitheantas ar an teip ar é a chur ar an eolas faoi thoradh an phróisis um ardú céime ar bhealach tráthúil agus cuí chomh maith leis an teip ar rochtain a thabhairt dó ar a chuntas 43A roimh an gcomórtas.

Ag deireadh na bliana, trí mhí i ndiaidh dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint sa chás seo, ní bhfuair mé aisfhreagairt ón Aire Cosanta.

Cás-Staidéar 7: Seasadh leis an nGearán

Céim ghníomhaithe – Aistarraingíodh ceapachán an ghearánaigh chuig an gcéim ghníomhaithe – Ceapadh an gearánach mar mhalairt – Údar leis an gcinneadh – Cibé acu an raibh nó nach raibh seo inchosanta – Coinne dhlisteanach – Grádlathas forálacha rialála.

Bhain cás an Ghearánaigh lena íslíú céime gan choinne ó chéim ghníomhaithe chuig céim ionadaithe. Bhí an Gearánach éagóraithe de bharr go mbeifí claonta i dtéarmaí a phá agus a theidlíochtaí pinsin araon mar thoradh air seo Sheirbheáil an Gearánach sna Fórsaí Cosanta ar feadh daichead bliain agus bhí sé beartaithe aige dul ar scor go luath i ndiaidh an trátha a d'eascair an gearán seo.

Sheirbheáil an Gearánach i gcéim ghníomhaithe le haghaidh tréimhse dhá bhliain agus ceapadh cheana é le seirbheáil sa chéim sin ar feadh bliain bhreise nuair a aistarraing na Fórsaí Cosanta a cheapachán agus nuair a luaigh siad leis gur cheart go bhfaighfidh sé liúntas ionadaithe ina ionad. Bhí an folúntas substaintiúil oscailte ar feadh fiche bliain agus ba é an Gearánach an t-aon duine ina aonad ag a raibh an cháilíocht a theastaigh chun an bpost a fháil. Bhí an Gearánach i seilbh céime ghníomhaithe faoi A 10, Alt 326 (c). Mar bhonn le ceapachán na céime ghníomhaithe a aistarraingt, mhaígh na Fórsaí Cosanta gur chruthaigh iniúchadh a rinneadh le déanaí ar chás an Ghearánaigh nach raibh an Gearánach incháilithe le bheith i seilbh na céime ghníomhaithe de bharr nár chríochnaigh sé cúrsa caighdeánach NCO. Níor tugadh aon cheist chun solais roimhe seo.

Bhí mé buartha go ndéanfaí cinneadh, ag a mbeadh móriarmhairtí le haghaidh céim, stádas agus luach saothair bhall, a mhalartú ar an mbealach seo. Faoi na cúinsí sin, ba mhó an gá le fírinniú oibiachtúil an chinnidh sin.

Thug mé faoi deara i mo Thuarascáil Réamhthuairime líon de mo chuid buarthaí i ndáil le réasúnacht airbheartaithe le haghaidh ghníomhanna na bhFórsaí Cosanta, is é sin go sonrach, nach raibh an dealramh air cén fáth gur sháraigh DFR A10 Ionstraim Riaracháin A10, alt 326 (c) amhail a maíodh; cén t-ábhar nach raibh na Fórsaí Cosanta feasach roimhe seo ar neamh-incháilitheacht airbheartaithe an Ghearánaigh bheith i seilbh na céime ghníomhaithe faoi chúinsí nach raibh aon fhianaise ann a chruthaigh go ndearna an Gearánach mífhaisnéis ar a cháilíochtaí; go raibh an chuma air gur luaigh alt 325 nach raibh sé ina riachtanas go mbeadh ag ceapaí chuig céim ghníomhaithe na cáilíochtaí a theastaíonn le bheith i seilbh na céime substaintí sin; agus nár chríochnaigh an té ag a raibh an post roimhe seo cúrsa caighdeánach NCO; gur léiríodh go soiléir san fhoirm ar theastaigh a comhlánú chun críche cur isteach ar an gcéim ghníomhaithe gur seans nach mbeadh ag ainmní na cáilíochtaí le bheith i seilbh na céime substaintí; gur airbheartaigh na Fórsaí Cosanta brath ar Litir Threorach, lena mhíniú nár chruthaigh téarmaí na Litreach Treorach sin agus cinn ina diaidh fianaise i leith ghrádlathas na bhforálacha éagsúla.

D'iarr mé ar shoiléiriú na gceisteanna seo agus d'iarr mé freisin ar na Fórsaí Cosanta tuairim a thabhairt ar cíbe acu ar ghlac nó nár ghlac siad leis go raibh ag an nGearánach coinne réasúnta dhlisteanach agus aird ar an uile chúinse go leanfadh sé ar aghaidh agus bheith is seilbh na céime ghníomhaithe.

Bhí sé mar nóta agam i mo Thuarascáil Deiridh gur theip ar na Fórsaí Cosanta freagra a thabhairt ar na buarthaí seo nó nár chuir a bhfreagraí dóthain fírinniú oibiachtúil ar fáil don chinneadh faoi chaibidil agus nach ndeachthas i ngleic go cuí nó in aon chor leis an neamh-chomhsheasmhacht sa réasúnaíocht a fhírinne go hainmne na ghníomhartha.

Ina theannta sin, chuir an Gearánach isteach ar cheapadh go dtí céim shubstaineach ar bhonn ‘iompar dearscnaitheach agus seirbhíse inmholta’. Ag tráth mo Thuarascála Dheiridh, rinne mé nóta de mo chuid buarthaí nár chuala an Gearánach aon rud i ndáil leis an iarratas seo d’ainneoin gur chuir na Fórsaí Cosanta ar an eolas mé nárbh iarratas rathúil é.

B’fhacthas dom go ndearnadh leatrom ar an nGearánach ag an mbealach inar islíodh a chéim ó chéim ghníomhaithe agus mhol mé go bhfaigheadh sé pá céime ghníomhaithe ó thráth na cúlghairme aniar chuig a urscaoileadh ó na Fórsaí Cosanta, a thit amach faoi thráth mo Thuarascála Dheiridh san ábhar.

Ag deireadh na bliana, seacht mí i ndiaidh dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint sa chás seo, ní raibh freagra faighte agam ón Aire.

Cás-Staidéar 8: Seasadh leis an nGearán

Bord Agallamh – Neamhchomhlíonadh Ionstraim Riaracháin A10, alt 360 – Teip ar chúiseanna – Moill – Cleachtas Neamh-inmhianaithe Riaracháin.

Thug an cás seo chun solais líon ábhar a bhí ina mbonn le dianbhuairt dom.

Bhain an gearán le rannpháirtíocht an Ghearánaigh i bpróiseas agallaimh. Rinne Oifigeach i gCeannas (CO) an Ghearánaigh iarracht in Eanáir 2008 réiteach a fháil ar an Sásamh Éagóracha (RoW). Bhí sé ina chonclúid ag an CO gur ghníomhaigh an Bord Agallamh i gcodarsnacht le hIonstraim Riaracháin A10, alt 360 maidir le ceistiú an Ghearánaigh. I bhfianaise na fírice gur scríobhadh Tuarascáil an Bhoird Agallamh ar bhonn faisnéise a mealladh ón nGearánach i rith an phróisis agallaimh neamhchomhlíonta, bhí sé ina chonclúid ag an CO gur tuairimí neamhbhailí a bhí sna tuairimí a bhí cuimsithe i d Tuarascáil an Bhoird Agallamh agus mhol sé, de bhun alt 114(3) den Acht Cosanta, gur cheart iad a scriosadh. Níor cloíodh leis an moladh seo ar an mbonn gur sháraigh gníomhú an CO a shainchúram. D’iarr an Gearánach ar dheimhniú, ina RoW, gur scriosadh an t-ábhar a bhí cuimsithe i dtaifead oifigiúil de réir an mholta a d’eisigh a CO agus, murar scriosadh, d’iarr sé ar shoiléiriú i dtaobh an bhoinn chruinn dhlithiúil leis an teip ar chomhlíonadh chinneadh an CO.

D’eisigh mé Tuarascáil Réamhthuirime (PVR) an 18 Bealtaine 2010. De thairbhe gur léirigh an Gearánach gur iarr sé ar fhaisnéis faoin reachtaíocht Saoráil Faisnéise, d’iarr mé ar dheimhniú ón nGearánach gur dhíscigh sé an próiseas achomhairc faoin reachtaíocht Saoráil Faisnéise ar an ábhar gur chuir alt 5(1) (a) (ii) den Ombudsman (Defence Forces) Act 2004 bac orm aon ábhar a fhiosrú i ndáil lena bhfuil ceart achomhairc ag an

nGearánach faoi reacht difriúil. Léirigh mé mo mhíshástacht, leis, leis an moill a bhí ar na Fórsaí Cosanta maidir le déileáil leis an ngearán. Bhí orm an comhad a iarraidh san ábhar seo sé huair sula bhfuair mé é. Léirigh mé mo mhíshástacht, leis, ar an ábhar gur thug mé faoi deara, nuair a fuair mé an comhad ar deireadh thiar, gur baineadh an chroineolaíocht ón gcomhad agus go raibh ar a laghad 37 cáipéis ar iarraidh inti. Mar thoradh ar an líon cáipéisí ar iarraidh, luaigh mé nárbh fhéidir dom athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás. Bhí sé seo go hiomlán míshásúil agus is ríshoiléir dom gur chruthaigh sé seo bac ar cheart an Ghearánaigh athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar a RoW chomh maith lena cheart rochtain a fháil ar m'Oifig.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, thug mé líon neamhchomhsheasmhachta faoi deara idir an Gearánach agus na Fórsaí Cosanta i ndáil le dul chun cinn an RoW. Dá réir sin, d'iarr mé ar chuntas ar shonraí faoi chruinnithe a bhí ag an nGearánach leis an MIO maidir leis an ngearán. Luaigh an Gearánach go raibh 15 chruinniú ann. D'iarr mé freisin ar cháipéis ó na Fórsaí Cosanta ina leagtar amach na bearta a rinne siad d'fhonn dul i ngleic leis an ngearán; an chúis le haghaidh na moilleanna éagsúla sin; na bearta a rinneadh leis an nGearánach a chur ar an eolas faoi na moilleanna sin; na gníomhanna ar tugadh fúthu le mise a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis na moilleanna sin; an chúis leis an neamhchomhsheasmhacht sna litreacha chugam a mhínigh na moilleanna sin; sonraí faoi aon ghníomh ar tugadh faoi sna Fórsaí Cosanta d'fhonn a chinntiú nach dtarlóidh cás dá shamhail riamh arís; sonraí faoi aon chleachtais riaracháin a d'fhéadfadh bheith i bhfeidhm le linn shaolré an ghearáin nó atá i bhfeidhm go fóill i ndáil leis an mbealach a dhéileálar le cásanna dá shamhail seo; cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh aon ghníomhanna i leith bhaill na bhFórsaí Cosanta i dtaca leis na moilleanna agus leis an teip ar na hamlínte agus ar na próisis a chomhlíonadh, agus deimhniú maidir le cén cinn de na bearta ar tugadh fúthu leis an nGearánach a chur ar an eolas maidir le cén fáth nár déileáladh lena RoW i bhFeabhra 2010. Ina theannta sin, d'iarr mé freisin ar mholtaí ó na Fórsaí Cosanta maidir le (1) conas a d'fhéadfaí réiteach a fháil ar an ngearán roimh mo PVR agus (2) cén fáth go raibh mearbhall ar chéimeanna éagsúla an RoW faoi stádas láimhseála an ghearáin laistigh den RoW.

Thug na Fórsaí Cosanta aisfhreagairt dom faoi mo PVR an 25 Meitheamh 2010. Mhaígh an tOifigeach Ginearálta i gCeannas ar an Aerchór nach raibh an t-údarás ag CO an Ghearánaigh chun moladh a eisiúint an t-ábhar a bhí cuimsithe i gcuntas an Ghearánaigh a scriosadh. Luaigh sé nár cheart don CO a mholadh don Ghearánach achomharc a chuir isteach faoin reachtaíocht Saoráil Faisnéise. Bhí an GOC ar aon intinn leo nár dhíscigh an Gearánach an próiseas cuí sa chás seo. Mar bhealach chun breis moille a sheachaint, bheartaigh an GOC insint don Ghearánach agus é a chur ar an eolas faoi cén fáth nár scriosadh an cuntas faoi chaibidil arna iarraidh sin dó. Luaigh an GOC go ndéanadh sé amach cibé acu ar dhíscigh nó nár dhíscigh sé an próiseas

achomhairc faoin reachtaíocht Saoráil Faisnéise. Agus sa chás gur dhíscigh, shannfadh sé ceann dá Oifigigh Foirne le lámh chúnta a thabhairt in aon bhealach gur féidir. Chas an Gearánach leis an Oifigeach Foirne agus ní raibh sé sásta le toradh nár chuir an t-ábhar chun cinn níos mó ná an méid a bhí sé in 2008, dar leis.

Bhí mé sásta go raibh an Gearánach i dteideal a fháil amach cén bealach agus faoi cén Rialacháin de chuid na bhFórsaí Cosanta nó faoi cén t-alt den Acht Cosanta, ar ghníomhaigh a CO a sháraigh a údarás. Bhí sé i dteideal cúiseanna soiléire agus gan débhrí maidir leis an bhfáth nach bhféadfadh sé brath ar na bearta ar tugadh fúthu chomh maith leis na moltaí a rinne a CO ag an gcéim ba luaithe. Thug mé faoi deara gur leagadh amach iarratais ar fhaisnéis faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus Saoráil Faisnéise in DFR A8 – Ionstraim Riaracháin A8 a síníodh go luath in 2010. I bhfianaise uile chúinse an cháis, lena n-áirítear na moilleanna do-ghlactha ar thaobh na bhFórsaí Cosanta, mhol mé (1) go scriosfar an cuntas réamhluaite i dTuarascáil an Bhoird Agallamh agus (2) go gcuirfear an Gearánach ar an eolas maidir le bonn dleathach na conclúide gur sháraigh an CO a údarás trína ghníomhanna mar aon le míniú maidir le conas a chuimsítear na hábhair seo anois in DFR A8.

Ní bhfuair mé aisfhreagairt ón Aire Cosanta maidir le mo mholadh ag deireadh na bliana, trí mhí i ndiaidh dom mo Thuarascáil Deiridh sa chás seo a eisiúint.

Cás-Staidéar 9: Seasadh leis an nGearán (Luathréiteach)

Cúrsa – Níor moladh an gearánach le haghaidh an chúrsa ar an mbonn go raibh air “treimhse aisiócaíochta” a sheirbheáil ina mbaineann sé leas as na scileanna a d’fhoghlaim sé i gcúrsa scileanna – Níor fógraíodh an prionsabal – Easpa trédhearcachta – Idirghabháil luath ag na Fórsaí Cosanta le haghaidh réitigh agus socraíodh an cás.

Bhí sé de rún ag an nGearánach tabhairt faoi Chúrsa ar leith a mbeadh sé mar bhall d’aonad difriúil mar thoradh air. Níor mhol a Oifigeach i gCeannas (CO) é don chúrsa, agus ba é an toradh air seo nár tugadh áit dó ar an gcúrsa sin. Thug an Gearánach leis iarratas um Shásamh Éagóracha i leith chinneadh a Oifigigh i gCeannas.

Chríochnaigh an Gearánach cúrsa scileanna le déanaí agus bhí an dealramh air gur dhiúltaigh a CO é a mholadh ar an bpríomhbhonn go raibh air tréimhse “aisiúcaíochta” a chríochnú, tréimhse a bheadh ar a laghad bliain ar fad, agus a scil nua á húsáid aige ina aonad reatha. Mhaígh an Gearánach nach raibh sé feasach ar bheartas dá shamhail agus nár cuireadh ar an eolas é sular thug sé faoin gcúrsa scileanna ná san fhógraíocht le haghaidh an chúrsa nua.

D'iarr mé ar shoiléiriú ó na Fórsaí Cosanta maidir leis na critéir a cuireadh i bhfeidhm i dtaca le cinneadh a dhéanamh cibé acu ar cheart nó nár cheart ball a mholadh le haghaidh Cúrsa. Bhí sé mar aisfhreagairt ag an gCeann Foirne (CoS) nár bh ann do chritéir um chur síos, ach go raibh sé faoi rogha an Oifigigh i gCeannas. Luaigh an CoS, cé nár iarradh ar ghníomhaíochtaí ó rannpháirtithe maidir le cúrsaí scileanna i dtaobh feidhmeanna amach anseo, b'ionann é, ar a shon sin, agus dea-cleachtas go mbainfí feidhm as pearsanra ar éirigh leo Cúrsa a chríochnú d'fhonn cur a mhéid agus is féidir lena scil nua agus cur le taithí inti sula ndéanfar breis dul chun cinn.

Luaim in athuair i mo Thuarascáil Réamhthuirime gur eascair an cheist lenar bhain cumhacht lánroghnach COanna le baill a mholadh i líon cásanna a cuireadh faoi mo bhráid. San uile chás leag mé béim ar an tábhacht lenar bhain braistint éagóra i bhfeidhmiú na cumhachta lánroghnaí sin.

Cé go raibh an chuma air go raibh an beartas “aisíocacíochta” réasúnta, b'fhacthas dom nár bh eolas coiteann é laistigh de na Fórsaí Cosanta. D'fhonn díomá agus coimhlint a sheachaint, tá sé ina rithábhacht nach ann d'aon débhrí as a bhféadfadh méadú coinní eascairt. Ba cheart go ndéanfaidh na Fórsaí Cosanta na beartais a aithint agus a fhógairt go hoifigiúil atá mar bhonn agus taca le dhéanamh cinntí ag a mbíonn tionchar ar fhorbairt gairme ball agus go n-áireofaí iontu an fhaisnéis agus na tagairtí ábhartha do na beartais sin ar an uile fhógra cúrsa agus roghnaithe.

Bhí sé ar mo chumas a chur i dtaifead i mo Thuarascáil Réamhthuirime gur dúirt an CoS go raibh sé de rún an cúrsa a reachtáil ar chuir an Gearánach isteach air go luath amach anseo. Mhol mé go dtabharfar don Ghearánach deis le cur isteach ar an gcúrsa arís agus bheith molta don chúrsa.

I ndiaidh mo Thuarascála Réamhthuirime, moladh an Gearánach don chúrsa, amhail a mhol mé. Bhain sé a ghearán agus ba dheas liom go bhfuarthas réiteach ar an gcás ag céim luath.

Cás-Staidéar 10: Seasadh leis an nGearán

Síneadh Cead Neamhláithreachta – Conradh Roinnte Sibhialta/Míleata – Coinne Dhlisteanach – Moill Neamhchuí ar Nós Imeachta – Drochthionchar – Cleachtas Neamh-inmhianaithe Riaracháin.

Thug an cás seo chun solais líon ábhair nós imeachta agus chórasacha a bhí ina n-ábhar buartha dom.

Rinne ball de na Fórsaí Cosanta an gearán a bhí i seilbh chéim an Cheannfoirt i gCór Liachta an Airm (AMC). Tá sé anois éirithe as na Fórsaí Cosanta.

Sheirbheáil an Gearánach ar feadh 15 bliana faoi 2000 sna Fórsaí Cosanta. Ní raibh sé le sonrú ar an gclár speisialtóra de chleachtóirí leighis um an dtaca sin, geall le tromlach Oifigigh Liachta an Airm. Ba chás é seo a bhí ag éirí níos neamhoiriúnaí agus níos neamhrialta laistigh den chleachtas leighis in Éirinn (tagairt d'Acht na Lia-Chleachtóirí). Mhaígh an Gearánach nárbh ann d'aon phlean le foilsiú ón Aire leis an gcás neamhrialta seo a cheartú. Bhraith an Gearánach, agus é tiomanta do Sheirbhís Mhíleata, gurbh é an t-aon bhealach amach uaidh seo iarraidh ar chead neamhláithreachta agus oiliúint a bhaint amach a airde le clárú speisialtóra i speisialtacht chuí. Roghnaigh sé ainéistéis de bharr a príomhfheidhme i mbainistiú agus in iompar saighdiúirí ar a raibh fíor-dhrochthinneas agus iad siúd a gortaíodh. Bhain sé incháilitheacht amach le haghaidh clárú speisialtóra ag deireadh mhí na Nollag 2007, ar seacht mbliana an íostréimhse oiliúna a theastaigh. Bhí aird aige ar an neamhfhéidearthacht scileanna ar deacair iad a fhoghlaim a choimeád in ainéistéis dá mbeadh air filleadh ar an AMC go lánaimseartha agus d'iarr sé go foirmiúil ar na hÚdaráis Mhíleata na féidearthachtaí le haghaidh comhcheapacháin shibhialta/mhíleata a fhiosrú tráth críochnaithe an chúrsa dó. Cuireadh an t-iarratas seo ar aghaidh i Lúnasa 2006, tamall maith roimh an dáta lena raibh coinne le haghaidh chríochnú na hoiliúna.

Ceadaíodh don Ghearánach Cead Neamhláithreachta 18 mí (gan phá agus coinníollacha) ag a raibh éifeacht ón 1 Eanáir 2001. Cuireadh síneadh leis an gcead neamhláithreachta seo, roinnt uaireanta a fhad leis an 30 Meitheamh 2008. Chuir OIC Oifig Bainistíochta na nOifigeacha Coimisiúnaithe (COMO) an Gearánach ar an eolas an 22 Feabhra 2008 gur cheart dó filleadh ar a dhualgas an 1 Iúil 2008 nó iarratas a chur isteach ar dhul ar scor.

Chuir an Gearánach Sásamh Éagóracha ar aghaidh an 1 Aibreán 2008. D'iarr an Gearánach ar shíneadh breise ar a Chead Neamhláithreachta i dtosach d'fhonn go mbainfear socrú amach idir na Fórsaí Cosanta agus an HSE, a ligfeadh dó filleadh ar na Fórsaí Cosanta ar chonradh roinnte míleata/sibhialta. Gabhadh thairis seo ag imeachtaí. Mhol an tOifigeach Fiosraithe Mhíleata (MIO) go ndéanfaidh údarás níos uachtaraí cinneadh faoin gceist agus gur cheart breis iarrachta a dhéanamh casadh leis an HSE roimh an 1 Iúil 2008 le ceapacháin a phlé mar chuid d'iarracht inniúlacht a chinntiú i réimse na hainéistéis agus an Gearánach a choimeád mar bhall de Chór Liachta an Airm i gcomhthráth. Ar a shon sin, ní dhearnadh seo agus níor luadh aon chúiseanna leis an gcúis nár glacadh leis an moladh seo. Rialáil an Ceann Foirne, ina Rialáil Mheabhraithe, nach ndearnadh leatrom ar an nGearánach.

D'eisigh mé Tuarascáil Réamhthuirime chuig an nGearánach, an tAire Cosanta, an Ceann Foirne agus chuig an Rannóg Idir-Réitigh agus Eadrána den Roinn Cosanta an 26 Bealtaine 2009. Chuir mé tréimhse cheithre seachtaine ar fáil ar mhaithe le haisfhreagairtí ar na ceisteanna ar cheap mé ar theastaigh breis cruthúnais, soiléirithe, faisnéise agus cáipéisíochta uathu. Chuir an tAire Cosanta ar an eolas mé go bhfuair sé mo Thuarascáil Réamhthuirime an 5 Meitheamh 2009 agus thug sé freagra ar chuid de na ceisteanna an 27 Iúil 2009. Ghlac an tAire leis go raibh mé i dteideal (a) athbhreithniú a dhéanamh ar na ceisteanna agus ar na nósanna imeachta ar glacadh leo agus síneadh breise ar a Chead Neamhláithreachta a dhiúltú agus (b) cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh an Gearánach amú go gcreidfeadh sé gurbh ann do thiomantas le conradh roinnte míleata/sibhialta a chur ar fáil. Ina theannta sin, léirigh an tAire an tuairim gur phléigh gnéithe de mo Thuarascáil Réamhthuirime ceisteanna lenar bhain eagrú, struchtúrú agus úsáid na bhFórsaí Cosanta, nach raibh laistigh de mo shainchúram de bhua alt 5(1) (d) (ii) den Ombudsman (Defence Forces) Act 2004. Ar a shon sin, níor shainaithin an tAire cérbh iad na ceisteanna seo agus cén t-ábhar ar cheart iad a eisiáimh. Luaigh an tAire, leis, gur iarr an Ceann Foirne air an ceist dhlísiúil a thabhairt chun m'airde.

Ábhar mór buartha ba ea seo dom de bharr gurb éard a bheadh i gceist leis an ngnáthchur chuige go dtabharfadh an Ceann Foirne ceist dhlísiúil chun m'airde.

Chuir an Rannóg Idir-Réitigh agus Eadrána den Roinn Cosanta ar an eolas mé go bhfuair siad mo Thuarascáil Réamhthuirime an 19 Meitheamh agus d'iarr siad ar shíneadh ama le haisfhreagairt a thabhairt ar m'iarratas le haghaidh breis faisnéise ar bhonn dhrochshláinte an bhaill chuí den phearsanra. Ceadaíodh an síneadh ama seo. Níor chuala mé faic níos mó faoin ábhar seo. Scríobh mé arís an 22 Deireadh Fómhair 2009 agus an 7 Nollaig 2009 agus m'iarratas ar an bhfaisnéis iarrtha a lua in athuair. Thug an ball den Rannóg Idir-Réitigh agus Eadrána aisfhreagairt dom an 4 Eanáir 2010 agus mhaígh sé go raibh coinne aige le bheith in ann aisfhreagairt a thabhairt ar m'iarratas laistigh de 10 lá. Ina theannta sin, thagairt sé do litir dar dháta an 31 Iúil 2009 inar luaigh sé gur chuir sé ar an eolas mé nárbh fhéidir leis aisfhreagairt a thabhairt ar m'iarratas ar bhreis faisnéise go dtí go mbeadh an plé a bheartaigh an tAire ina litir an 27 Meitheamh 2009 tugtha chun críche. B'fhorbairt mhór bhuartha seo agus b'ábhar sách buartha dom é de bharr (a) nach bhfuair mé an litir seo agus (b) gur tháinig an chúis a tugadh inti leis an moill ar aisfhreagairt a thabhairt ar m'iarratas salach ar na cúiseanna a tugadh dom agus ar ghlac mé leo roimhe seo.

Ní bhfuair mé aisfhreagairt shubstainteach ón Rannóg Idir-Réitigh agus Eadrána go dtí an 5 Feabhra 2010. Is ríshoiléir dom gur gníomh náireach do m'Oifig lena bhféadfaí glacadh le réasún amhail bac ar fheidhmiú m'fheidhme í teip na bhFórsaí Cosanta agus na Roinne Cosanta na teorainneacha réasúnta ama a leag mé amach


maidir le haisfhreagairt a thabhairt ar na ceisteanna a thug mé chun solais i mo Thuarascáil Réamhthuirime a chomhlíonadh. Bhí buairt orm, leis, gur imeacht ó na gnáthshocruithe um chumarsáid dhíreach agus oscailte í teip an Chinn Foirne a agóid i leith mo dhlínse a chur in iúl dom go díreach agus d'fhéadfadh an teip seo bheith ina buairt bhagartha i leith fhiosrú tráthúil an ghearáin.

B'fhacthas dom gur caitheadh leis an nGearánach sa chás seo ar bhealach nár bhain amach caighdeán inmhianaithe agus inghlactha cleachtas riaracháin. Cé nach raibh mé sásta gurbh ann do dhóthain fianaise le tacú leis an gcás go raibh ag an nGearánach coinne dhlisteanach go ndéanfaidh na Fórsaí Cosanta socrú a chabhródh leis filleadh ar na Fórsaí Cosanta ar chonradh roinnte míleata/siabhialta. Ba ríshoiléir dom gurbh ann do bhonn as ar eascair coinne dhlisteanach go ndéanfaidh na Fórsaí Cosanta iarracht socrú den saghas sin a chruthú. As na fíricí a leanas a d'eascair an choinne: Luaigh an D HRMS an 27 Iúil 2006 go ndéanfaí breithniú ar shocrú páirtaimseartha. Dheimhnigh an Leas-COS (Sp) go ndéanfaidh na Fórsaí Cosanta conradh páirtaimseartha a thabhairt isteach an 9 Lúnasa 2006. Mhol Stiúrthóir Thuarascáil an Chóir Liachta (DMC) an 7 Meán Fómhair 2006 don Rannóg an t-ábhar a fhiosrú. Shocraigh an Rannóg cruinniú leis an HSE i Meán Fómhair 2007 d'fhonn cás an Ghearánaigh a phlé. Ar a shon sin, thug m'fhiosrú chun suntais nach ndearnadh plé ar cás an Ghearánaigh ag an gcruinniú seo agus ní ndearnadh aon iarrachtaí breise leis an gceist a chur chun cinn.

Mhol mé i mo Thuarascáil Deiridh go ndéanfaí breithniú ar thuilleadh gníomhaíochta d'fhonn na léiriúcháin bhunúla a chomhlíonadh i gceart. Mhol mé go mbeadh aitheantas ag na Fórsaí Cosanta agus ag an Roinn Cosanta i dtaobh na díobhála a rinneadh de bharr an bhealaigh a láimhseáladh Sásamh Éagóracha an Ghearánaigh. Mhol mé, freisin, go seolfaí leithscéal chuig an nGearánach leis an teip ar fhiosrú agus ar dhísciú ceart a dhéanamh i ndáil leis na roghanna d'fhonn socrú a chruthú a rachaidh chun sochair cách ar aon dul le léiriúchain agus le moltaí an D. HRMS, D.MC agus D. CoS (Sp).

Rinneadh leatrom ar an nGearánach sa chás seo. B'ann do mhéid suntasach neamhairde i leith cuntasáíochta agus cloí leis na nósanna cuí imeachta i láimhseáil an ábhair ó thráth na léiriúchain don Ghearánach as ar eascair coinne dhlisteanach go ndéanfaí an dianiarracht ba mhó d'fhonn teacht ar shocrú a rachadh chun sochair Sheirbhísí Leighis na bhFórsaí Cosanta.

Ar an drochuair, agus an achoimre seo á chur i dtoll chéile agam ag deireadh na bliana, seacht mí i ndiaidh dom mo Thuarascáil Deiridh a eisiúint sa chás seo. Ní mór a thuairisciú nach bhfuair mé aon aisfhreagairt shubstainteach ón Aire Cosanta.



*Tar éis an fhaisnéis a iarradh, soiléirithe agus
aon aighneachtaí eile a éiríonn ó fhreagraí
ar an PVR a mheas, eisím Tuarascáil Deiridh
a sheoltar chuig an Aire Cosanta, an Ceann
Foirne agus an Gearánaí.*

VII Gnóthaí Corparáideacha

Solátar Foirne

Ba é an soláthar foirne ag m'Oifig amhail an 31 Nollaig 2010:

- Oifigeach Iniúchta Amháin (Príomhoifigeach Cúnta Amháin);
- Riarthóir Cásanna Amháin (Ardoifigeach Feidhmiúcháin);
- Cúntóir Riaracháin Amháin (Oifigeach Cléireachais).

Is é seo an leibhéal céanna soláthar foirne a bhí agam ón dara leath de 2008.

Tá m'Oifig tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach foirne agus roimhe seo bhain m'fhoireann tairbhe as cúrsaí cumarsáide agus neartú foirniúlachta agus ghlac ball foirne amháin páirt sa chéad Chúrsa d'Oifigigh Iniúchta a reáchtáil Cumann Ombudsman na Breataine agus na hÉireann [British and Irish Ombudsman Association] trí Ollscoil Queen Margaret, Dún Éideann.

In 2010, thosaigh ball foirne amháin ar an gcéad Ard-Diplóma do Dhlítheangeolaí agus Aistriúchán Dlí arna reáchtáil ag Ostaí an Rí, Baile Átha Cliath.

Rannpháirtíocht i gComhdhála, i Seimineáir agus i Sainghrúpaí

ACAS – Londain, Márta 2010

Ar an 17 Márta, bhí mé ar dhuine de phainéal cainteoirí a fuair cuireadh chuig Ceanncheathrú na Seirbhíse Comhairleoireacht, Comhréitigh agus Eadrána [Advisory, Conciliation and Arbitration Service (ACAS)] i Londain, le labhairt ar úsáid eadrána i ndíospóidí san ionad oibre. Tá feidhm ag ACAS atá cosúil leis an gCoimisiún an Chaidreamh Oibreachais in Éirinn agus chuir an Chomhairle Eadrána Sibhialta (Civil Mediation Council) a dhéanann monatóireacht ar ardchaighdeán i réiteach malartach ar dhíospóidí, tús leis an gcomhdháil.

Ba é Karl Mackie, Príomhfheidhmeannach an Ionad um Réiteach Éifeachtach Díospóide (Centre for Effective Dispute Resolution), agus ceannródaí in eadráin sibhialta sa RA cathaoirleach na Comhdhála. D'fhreastail roinnt feidhmeannach ón tseirbhís phoiblí agus oifigigh sinsearach in Arm na Breataine ar an gcomhdháil.

Ba Bhriogáidire a bhí i nduine díobh siúd a labhair ag an gComhdháil agus labhair sé ar an rún atá ag fórsaí cosanta na Breataine eadráin a úsáid i ndíospóidí idirphearsanta.

I rith mo chur i láthair faoi fheidhmíocht ODF, thaispeáin mé léaráid de “shaolré gearáin” a tharraing aird shuntasach ón gCathaoirleach agus ó na toscairí a léirigh suim sa bhealach ina raibh ODF “nasctha” le nósanna imeachta gearáin inmheánacha in

Óglaigh na hÉireann (RoW), nuálaíocht a chuireann go mór le feidhm monatóireachta agus forbhreathnaithe ODF.

Eagraíocht Eorpach na gCumann Mhíleata (European Organisation of Military Associations) (EUROMIL) – Beirlín, Márta 2010

Ar an 18 Márta anuraidh, tar éis cuireadh a fháil ón Uasal Emanuel Jacob, Úachtarán Eagraíocht Eorpach na gCumann Mhíleata (EUROMIL), bhí mé ar an bpainéal saineolaithe le linn cheardlann den téama “an gá le hOmbudsman Míleata Eorpach”.

Cuireann EUROMIL chun cinn agus déanann siad ionadaíocht thar ceann leas sóisialta agus gairmiúl timpeall 500,000 saighdiúir Eorpacha de gach rang agus a dteaghlaigh. Tá 35 cumann ionadaíochta ó 26 tír Eorpach san eagraíocht faoi láthair. Is é EUROMIL an príomhfhóram ar fud na hEorpa do chomhoibriú agus malartú taithí i measc chumainn ghairmiúla mhíleata ar shaincheistanna is ábhar comhchúraim.

D'iarr iar-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Hans Gert Pottering go gcruthófaí Oifig d'Ombudsman Míleata Eorpach ag an 8ú Comhdháil d'Eagraíocht na hEorpa um Shlándaíl agus Chosaint i mí na Nollag, 2009 i mBeirlín.

De bharr gur dhéileáil a choincheap le saincheistanna a raibh impleachtaí polaitiúla agus beartais acu, ní raibh de ranníocaíocht agamsa ach plé a dhéanamh ar na dúshláin mhóra a ardófaí i mbunú Oifig Ombudsman Mhíleata atá bríoch agus éifeachtach. Caithfear Oifig den chineál seo a bhunú go dlíthiúil agus tacaíocht a fháil le cumhachtaí dleathacha dóthanacha chun a feidhm a chomhlíonadh, chun réiteach agus sásamh a chur ar fáil i gcásanna aonair agus chun moltaí a dhéanamh d'athchóiriú a éiríonn as saincheistanna córasacha.

An Dara Comhdháil Idirnáisiúnta d'Institiúidí Ombudsman d'Fhórsaí Cosanta – Vín, Aibreán 2010

Tugadh cuireadh dom labhairt ag an dara Comhdháil Idirnáisiúnta d'Institiúidí Ombudsman Mhíleata a eagraíodh le dlúth-chomhoibriú idir Ombudsman Parlaiminte na hOstaire agus Ionad um Rialú Daonlathach na bhFórsaí Cosanta (DCAF) atá lonnaithe sa Ghinéiv.

Ba é téama na comhdhála ról na n-institiúidí Ombudsman i gcur chun cinn agus cosaint cearta daonna saighdiúirí agus seanórthaí. Chuaigh na cainteoirí i ngleic le roinnt ábhar dúshlánacha ó na Stáit rannpháirteacha a bhfuil bearta éagsúla reachtaíochta, rialála agus institiúideacha acu chun cearta pearsanra seirbhíse a chosaint.

Labhair mé ar an bpainéal a phléigh ról na n-institiúidí Ombudsman i gcur chun cinn agus cosaint cearta daonna pearsanra na bhfórsaí cosanta mar aon le cainteoirí ón Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, ón Fhrainc agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá. Pléadh an ceart chun saoirse tuairimíochta, gnóthaí seanórthaí agus neamhaird struis iarthrámaigh (PTSD).

Cumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána – Baile Átha Luain, Deireadh Fómhair 2010

I nDeireadh Fómhair 2010, ba mhór agam glacadh le cuireadh ó Chumann Sháirsintí agus Chigirí an Gharda Síochána (AGSI) le labhairt ag a Shraith Seimineáir Fómhair i mBaile Átha Luain.

Thug mé eolas maidir le feidhm agus cumhachtaí Oifig an Ombudsman d’Óglaigh na hÉireann agus léirigh mé an difríocht idir ról na nInstitiúidí Ombudsman a bhunaítear le déileáil le gearáin in aghaidh Fórsa Póilíneachta i gcomparáid le hOmbudsman a bhfuil ról acu forbhreathnú ar fheidhmeanna riaracháin agus acmhainní daonna i mbainistiú Fórsa Póilíneachta.

Bhí mé ar an eolas go raibh mé ag labhairt le grúpa daoine atá tiomanta do sheasamh le leas a mbaill ag am a bhfuil an ghéarchéim eacnamaíoch agus a tionchar go mór i gceist in intinn gach duine. Ar a shon sin, bheadh sé gearr-radharcach a cheadú dár gcomhrá náisiúnta bheith ag plé leis an ngeilleagar amháin agus chuirfeadh sé droch-chomaoin ar na ceisteanna eile a éilíonn aird. Tá ceisteanna a bhaineann le folláine agus leas baill na bhFórsaí Cosanta a bhí tábhachtach inné fós chomh tábhachtach céanna inniu, in ainneoin na géarchéime airgeadais. Tá suntasacht ar leith ag baint le díriú ar na saincheisteanna atá ag bun chosaint agus leas agus cothroime in eagraíochtaí ag tosach na seirbhíse poiblí. Níl daoine a chuireann iad féin i mbaol ar mhaithe leis an bpobal, Gardaí, oifigigh dóiteáin nó baill d’Óglaigh na hÉireann cosúil le daoine gairmiúla eile. Is daoine iad a fhéachann ar a gclárama laethúil mar rud éigin níos mó ná post. Is fir agus mná iad a dtreoraíonn a ngairm bheatha iad le freastal ar mhuintir na hÉireann agus iad a chosaint. Tá daoine ann atá toilteanach seasamh idir dáinséar agus an pobal i gcoitinne. Is iad na daoine seo urgharda ár bpoblachta.

Fóram Státseirbhíse – Caisleán Bhaile Átha Cliath, Nollaig 2010

Bhí suim ar leith agam glacadh le cuireadh labhairt ar chúrsaí eadrána sa Státseirbhís mar bhealach chun díospóidí idirphearsanta agus ionad oibre a réiteach nuair a fuair mé cuireadh ón bhFóram Státseirbhíse, a thagann le chéile go ráithiúil le plé a dhéanamh ar mholtaí agus ar fhorfheidhmiú beartais a bhaineann le bainistiú acmhainní daonna.

Is í an Roinn Airgeadais airíoch an bheartais bulaíochta agus chiaptha don Státseirbhís agus tá an fhreagracht uirthi as nós imeachta smachta agus gearáin na Státseirbhíse.

Ag eascairt as tionscnamh ó dhuine de bhaill an Fhórait, cuireadh an hipitéis chun tosaigh ar an gcéad dul síos go bhféadfah an Fóram níos mó a dhéanamh chun úsáid eadrána mar phróiseas um réiteach díospóide malartach (ADR) a chur chun cinn i gcóras an Stáit. Mar atá faoi láthair, tá iniúchóirí intí ag Ranna agus Oifigí atá oilte in iniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí bulaíochta agus ciaptha. Sna cúinsí sin, bheadh cumas iontach ann chun na daoine sin in eagraíochtaí a bheadh sásta eadráin a dhéanamh i ndíospóidí idirphearsanta a shainaithint sna heagraíochtaí ábhartha. Níor cheart go mbeadh aon dabht gurb é an gnáthnós a bheadh i bhfógra rabhaidh luath agus idirghabháil ADR ábhartha maidir le díospóidí idirphearsanta, seachas an eisceacht. Mar a sheasann rudaí faoi láthair sa Státseirbhís, tá freagracht ar an Oifigeach Pearsanra as próisis a thosú mar fhreagra ar líomhaintí bulaíochta nó ciaptha, mar aon le ceisteanna smachta.

PDFORRA, Coiste Dúiche Cheathrú Briogáid an Iarthair, Baile Átha Luain – Feabhra 2010

Ba mhór agam glacadh le cuireadh ó Chathaoirleach Choiste Dúiche PDFORRA bualadh le baill Choiste Dúiche Cheathrú Briogáid an Iarthair i nDún Chostúim. Ba deis iontach a bhí ann chun eolas a roinnt agus plé a dhéanamh ar chumhachtaí agus teorainneacha mo róil. D'ardaigh baill an Choiste roinnt ábhar buartha agus thapaigh mé an deis a mhíniú dóibh mar a phróiseáiltear cásanna trí m'Oifig.

Bhí áthas orm chomh maith glacadh le cuireadh bualadh leis an nGinearálóifigeach i gCeannas, an Briogáidire-Ghinearál Hegarty.

Athbhreithniú ar Smachtuithe Airgeadais Inmheánacha

Mar aon le hOifigí eile a fhaighean maoiniú poiblí, rinne mé athbhreithniú foirmiúil ar Smachtuithe Airgeadais Inmheánacha in 2009. Tá mé sásta go bhfuiltear ábalta monatóireacht dhóthanach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí de bharr struchtúr eagraíochtúil beag ODF agus go bhfuil próisis i bhfeidhm ag m'Oifig le sreabhadh éifeachtach eolais a chumasú.

Tig liom a thabhairt le fios go bhfuil córas buiséadaithe i bhfeidhm ag m'Oifig ó bunaíodh é agus déantar athbhreithniú ar threochtaí caiteachais ar bhonn ráithiúil.

Cosaint Sonraí

Tá Oifig an ODF cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Tá m'Oifig cláraithe chomh maith faoin Scéim um Rochtain Dhíreach Ghairmiúil de chuid Comhairle Abhcóidí na hÉireann.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Ráiteas um Shláinte agus Shábháilteacht ag m'Oifig chomh maith. Tá freagracht ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha go príomha as an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an bhfoirgneamh ina bhfuil m'Oifig suite faoi láthair.

Beartas i leith na Gaeilge

Amhail an 31 Nollaig, 2010, níorbh Comhlacht Forordaithe a bhí i m'Oifig faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Ach, ag leanúint leis an gcleachtas ar fud na Seirbhíse Poiblí, déantar iarracht i m'Oifig eolas a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Foilsítear mo Thuarascálacha Bliantúla sa dá theanga agus cuirtear www.odf.ie ar fáil sa dá theanga chomh maith.

Beartas um Shaoráil Faisnéise

Amhail an 31 Nollaig, 2010, níorbh Comhlacht Forordaithe a bhí i m'Oifig faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

In 2008, chuaigh mé i gcomhairle le hoifigigh ón Roinn Airgeadais maidir le FOI a chur i bhfeidhm san Oifig. Ar cheann de na saincheistanna a ndeachthas i ngleic leis bhí an tábhacht a bhaineann le rúndacht agus príobháideacht comhaid cháis aonair i seilbh m'Oifige a shainaithint agus an chaoi ar cheart na cosaintí riachtanacha a chumhdach i Rialacháin FOI. Chuathas i ngleic le linn plé leis an gcaoi a bhféadfaí na ceistanna seo a chosaint i Rialacháin FOI a chomhaontófaí.

Ó bunaíodh é, chaith m'Oifig le gach iarratas ar fhaisnéis ar bhealach oscailte agus trédhearcach ar aon dul le spiorad an Achta FOI. Mar bheartas agus cleachtas ón tús, faigheann Gearánaithe cóip de mo Thuarascálacha ar fad a bhaineann lena gcásanna.

Táthar ag súil go síneofar an tAcht FOI chun Oifig an ODF a chur san áireamh. Cé go bhfuil fáilte roimhe seo, ardóidh sé an t-ualach oibre bainistíochta agus riaracháin ar chóimheas foirne atá gan acmhainní cheana féin.

Beartas um Úsáid Idirlín

Tá beartas um úsáid idirlín d'fhoireann m'Oifige i bhfeidhm ó bunaíodh m'Oifig.

Rúndacht

Tá iontaoibh agus muinín chun déileáil le cásanna ríthábhachtach d'obair rathúil Ombudsman. Tá rialacha géara a rialaíonn meas ar rúndacht gach cás a fhaigheann m'Oifig i bhfeidhm ó bunaíodh í.

Is cleachtas é seo a leanfaidh bheith ina thosaíocht in 2011.

VIII Report of the Comptroller & Auditor General

**Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste****Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais****An tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 faoin Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaiochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí lena mbaineann sna ráitis airgeadais, a réitíodh faoi na beartais chuntasaiochta a leagtar amach iontu. Tá an creat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina réiteach infheidhme de réir dlí agus is é an Cleachtas Cuntasaiochta a Ghlactar leis go Ginearálta in Éirinn é.

Freagrachtaí an Ombudsman

Tá an tOmbudsman freagrach as na ráitis airgeadais a réiteach, as a chinntiú go léiríonn siad staid fíor agus cothrom ghnóthaí an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann agus a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is i mo fhreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus ar an tuarascáil airgeadais de réir an dlí infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmíú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idimáisiúnta ar Iniúchadh (an RA agus Éire) (International Standards on Auditing) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é a bhaineann le hiniúchadh fianaise a bhailiú i dtaobh na méideanna agus na nochtaithe sna ráitis airgeadais, atá dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt nach bhfuil aon mhiráiteas ábharach sna ráitis airgeadais, trí chalaíocht nó earráid. Áirítear anseo measúnú ar

- an bhfuil na beartais chuntasaiochta ábhartha do chúinsí an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go cuil iad,
- réasúntacht na meastachán cuntasaiochtaí suntasach a rinneadh i réiteach na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthar iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Anuas air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa tuarascáil bhliantúil chun neamh-chomhréireachtaí ábharacha leis na ráitis airgeadais a shainaithint. Má fheicim aon mhiráitis nó neamh-chomhréireachtaí ábharacha soiléire, déanaim breith ar na himpleachtaí do mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, a réitíodh i gceart de réir an Chleachtais Chuntasaiochta a Ghlactar leis go Ginearálta in Éirinn, amharc fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann amháin an 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch an lá sin.

I mo thuairim, choinnigh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann leabhair chuntais chearta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Nithe a dTuairiscim orthu trí Eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht mura

- bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim don iniúchadh, nó
- má bhíonn aon chás ábharach ann nár úsáideadh airgead chun na críocha a raibh sé i gceist é a úsáid nó murar chloí idirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann don bhliain ar réitíodh na ráitis

airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó

- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloí an tOmbudsman d'Óglaiġ na hÉireann leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó

- má aimsim nithe ábharacha eile a bhaineann leis an gcaoi inar reáchtáladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na nithe a ndéantar tuairisciú trí eisceacht orthu.

Andrew Harkness

Le haghaidh agus ar son an

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Bealtaine 2011



